

**Tuarascáil
Bhliantúil
agus Cuntais
Bhliantúla**

2020



Teideal Íomhá an Chlúdaigh Thosaigh: ‘Talking Heads’

Buaiteoir Íomhá na Bliana de chuid Thaighde FEÉ 2020: An Dr Niall Smith, an Ceann Taighde ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan anois) agus Ceann Fhaireachlann Chaisleán na Carraige Duibhe, MTU.

Cur Síos ar an Íomhá: Ceann de na céimeanna measartha simplí is féidir le daoine a dhéanamh ná masc nó clúdach aghaidhe a chaitheamh chun scaipeadh víreas COVID-19 a mhoilliú le linn na paindéime. In 2020, mhaoinigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) tionscadal ildisciplíneach ag CIT (MTU anois), faoin gClár um Ghlaio Mearfhreagartha Covid-19, lena ndéantar teicnící íomháithe díri a forbraíodh ar dtús laistigh den taighde réaltfhisice ag Faireachlann Chaisleán na Carraige Duibhe MTU a chur i bhfeidhm, lena fháil amach cé chomh éifeachtúil agus atá teicstílí éagsúla atá ar fáil go coitianta ag stopadh sreabhadh braoiníní a easanálaítear.

Is féidir leis na braoiníní beaga bídeacha sin an víreas a iompar ó bhéal nó aerchonairí duine éigin isteach sa timpeallacht máguaird.

Trína thomhas cé chomh maith (nó chomh holc) agus a laghdaíonn na hábhair éagsúla agus an cháilíocht oiriúna sreabhadh na mbraoiníní sin, tá faisnéis bunaithe ar fheidhmíocht á soláthar leis an tionscadal le haghaidh cinntí maidir le húsáid fhorleathan na masc agus maidir leis na breithnithe ábhar agus deartha is fearr le húsáid do na clúdaigh aghaidh sin. Tá sé sin tacaithe ag Andor Technologies (cuideachta fótónaice atá bunaithe i mBéal Feirste), atá ag tabhairt urraíochta i leith an íomhádóra ar leibhéal sáriseal a chuireann ar chumas na foirne tionscadail na braoiníní is lú agus is féidir a bhrath.

Clár na nÁbhar


Príomhstaitisticí 2020	2
Ráiteas an Chathaoirligh	5
Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	7
Bliain faoi Athbhreithniú	9
Ag tabhairt Aghaidh ar Dhúshlán COVID-19	15
Eolaíocht den Scoth	19
Tallann agus Scileanna	22
Lorg Domhanda	28
Iomaíochas a chur chun cinn	33
Rialachas, Struchtúr Eagraíochtúil agus Fógraí Reachtúla	42
Ráitis Airgeadais Bhliantúla	59
Punann Dámhachtainí agus Dámhachtainí Úra	83
Ceangaltais Deontas agus Anailís ar Íocaíochtaí	106
Painéil Piarhmheasúnuithe FEÉ	113

Maidir le Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Is í Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) an fhondúireacht náisiúnta maidir le hinfheistíocht i dtaighde sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, agus matamaitice (ETIM), a chuidíonn le forbairt agus iomaíochas an tionscail, na fiontraíochta agus na fostaíochta in Éirinn. Chomh maith leis sin cuireann sé oideachas agus rannpháirtíocht STEM chun cinn agus tacaíonn sé leis chun feabhas a chur ar an bhfeasacht agus ar an tuiscint ar luach STEM don tsochaí agus chun tacú le todhchaí gairmeacha STEM. Féach www.sfi.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Maoinímid taighde lena ndéantar fíordhifriocht dár sochaí agus dár ngeilleagar, anois agus amach anseo araon – bí páirteach sa chomhrá ar líne ag **#BelieveInScience** **@Scienceirel**

Príomhstaitisticí 2020



Ag tabhairt aghaidh ar Ghéarchéim COVID-19

Rinneadh €22.8 milliún

a infheistiú i **84 tionscadal** taighde agus nualáochta COVID-19

Thug FEÉ **Phlean Cúig Phointe** chun tacú le Plean Gníomhartha Náisiúnta Rialtas na hÉireann

Eolaíocht den Scoth

Tá Éire¹...

12



i rangú domhanda eolaíochta

Tá Éire rangaithe¹...

2ú Imdhíoneolaíocht

3ú Na hEolaíochtaí Talmhaíochta

3ú Cógaseolaíocht agus Tocsaineolaíocht

4ú Néareolaíocht agus Iompraíocht

5ú Eolaíochtaí na nÁbhar

Tá Éire²...

1ú Ar domhan le haghaidh scaipeadh faisnéise

1ú Maidir le tionchar faisnéise

3ú Maidir le tógáil isteach faisnéise

15ú An tír is nuálaí

28

de na taighdeoirí is mó luaite ar domhan, fuair siad maoiniú ó FEÉ⁴

5,888 foilseachán tuairiscithe³

Tá seans 2.5 uair níos mó ann go mbeidh foilseacháin arna maoiniú ag FEÉ ina scothfhoilseacháin i gcomparáid leis an meán domhanda³

Tallann agus Scileanna



43,307

Post tacaíthe, go díreach nó go hindíreach, in Éirinn

5,447

Duine ag obair ar thionscadal a dtacaíonn FEÉ leo

1,966

Mac léinn iarchéimí tacaíthe

2,262

Gníomhaíocht oideachais agus rannpháirtíochta poiblí seachadta ag taighdeoirí FEÉ a chinntigh rochtain chothrom agus chuimsitheach ar STEM

¹ InCites le Clarivate Analytics ² Innéacs Nuálaíochta Domhanda 2020

³ Is ionann scothfhoilseacháin agus foilseacháin atá sa chéad 1% de na foilseacháin is mó luaite, go domhanda ⁴ Clarivate Web of Science

Iomaíochas a chur chun cinn

€49.6m

Maoiniú ó
Thionscal

2,951

Comhoibriú
tionscail

9

Mac-
chuideachta

97

Paitinn
comhdaithe

48

Paitinn
dáfa

220

Nochtadh
airgeán

Forbairt Réigiúnach

1,497 Comhoibriú réigiúnach
tionscail in Éirinn

747 Comhoibriú le Cuideachtaí
Ináisiúnta (CIN)

750 Comhoibriú le Fiontair
Bheaga agus Mheánmhéide
(FBM)

Thuaidh agus Thiar
86 CIN / 144 FBM

Tuaisceart Éireann
11 CIN / 27 FBM

Thoir agus Lár Tíre
386 CIN / 392 FBM

Réigiún an Deiscirt
264 CIN / 187 FBM

Luach ar airgead

Ó €199m, gearáil
infheistíochtaí FEÉ:

€255m Maoiniú seachtrach iomlán

€174m Maoiniú iomlán nach

státhchiste é lena n-áirítear

€106m a ghnóthaíodh ón AE

10 ERC nDámhachtain ERC
a ghnóthaigh taighdeoirí FEÉ

Lorg Domhanda

5,513

comhoibriú idirnáisiúnta in

86 tír

72%


Is idirnáisiúnta iad 72%
de chomhoibrithe
idir-acadúla

Bhí taighdeoirí maoinithe ag FEÉ
páirteach i

532




comhdháil fíorúla STEM, nó d'eagraigh
siad na comhdhála



Freagairt ar thabhairt ar COVID-19

Comhpháirtíocht Idirghníomhaireachta Láidir


D'oibrigh FEÉ le ranna Rialtais, ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, an Bord Taighde Sláinte, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn agus an pobal taighde agus nuálaíochta i gcoitinne chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann le géarchéim COVID-19. I bPlean Cúig Phointe FEÉ infheistíodh €18 milliún le clár um Maoiniú Taighde agus Nuálaíochta Mearfhreagartha COVID-19 in 83 tionscadal i rith 2020. Chomh maith leis sin, infheistíodh €4.8 milliún i dtionscadal Mhol Taighde COVID-19 de chuid Choláiste na Tríonóide, BÁC faoi Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí FEÉ. Díróidh an rannpháirtíocht taighde chomhoibríoch a bhí mar thoradh air sin ar réitigh láithreacha amhail cóireálacha agus tástálacha, chomh maith le réitigh fhadtéarmacha. D'oibrigh FEÉ chun sonraí náisiúnta agus domhanda a chur le chéile, agus cheangail sé saineolaithe fud an tsoil acadúil agus an tionscadail le chéile.



Eolaíocht den Scoth

Teorainneacha FEÉ don Todhchaí


Sna chéad dámhachtainí faoi chlár Teorainneacha nua FEÉ don Todhchaí infheistíodh €52 milliún in 72 deontas chun tacú le taighdeoirí neamhspleácha den scoth go dtí ceannairí fadbhunaithe - ag soláthar deiseanna le haghaidh tionscadail taighde ardriosca, ardluaíochta. In 2020, cuireadh tionscnamh tábhachtach maidir le hinscne chun feidhme tríd an gclár, atá á reáchtáil i gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.



Nuálaíocht Shuaiteach

Maoinithe bunaithe ar dhúshláin

Lean FEÉ le taighdeoirí a dhreasú chun dul i ngleic le dúshláin chasta faoi leith trí Dhuais Nuálaí Amach Anseo FEÉ, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha (Cúnamh Éireann). In 2020, dámhadh €1 mhilliún ar an Dr Alison Liddy agus a foireann ag OÉ, Gaillimh as a dtionscadal Hydrobloc. Cuireadh 12 fhoireann chun cinn faoi dhúshláin sna réimsí maidir le hIntleacht Shaorga (IS) chun Tairbhe na Socháí, agus Astaíochtaí Nialasacha, agus seoladh dhá dhúshlán sna réimsí maidir le drambhia agus inbhuanaitheacht plaisteach.



Iomaíochas a chur chun cinn

Ionaid Taighde FEÉ

Bhí ról lárnach ag líonra FEÉ de 16 Ionad Taighde FEÉ i rath na hÉireann maidir le maoiniú Fís 2020 AE a tharraingt anuas agus na spriocanna náisiúnta á mbaint amach. Go dtí seo, ghlac Ionaid Taighde FEÉ páirt in os cionn 680 mórthionscnamh arna maoiniú ag AE agus go carnach bhuaigh siad 45 Dámhachtain ardghradaim de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde Cuireadh cúig Ionad Taighde FEÉ ar aghaidh go dtí an dara clár taighde sé bliana, i ndiaidh piarmheasúnú dian idirnáisiúnta, le hinfeistíocht dar luach €193 milliún, a thacaigh le os cionn 1,000 post taighde i 17 nInstitiúid Ardoideachais. Tá an tiomantas sin tacaithe ag 200 comhpháirtí tionscail a chuirfidh €91 milliún eile leis.

Ráiteas an Chathaoirligh

An tOllamh J. Peter Clinch,
Cathaoirleach an Bhoird, Fondúireacht Eolaíochta Éireann



Ag féachaint siar ar 2020, táim tógtha le neart mhothú cuspóra ár bpobail eolaíochta agus diongbháilteacht ár dtaighdeoirí áit níos fearr a dhéanamh den domhan anois agus do na glúnta amach anseo. I mbliain inar cuireadh brú as cuimse orainn, ar an oiread sin leibhéal mar gheall ar COVID-19, lean eolaithe, matamaiticeoirí agus innealtóirí ag aimsiú agus ag nuáil agus tionchar dearfach ríthábhachtach a bheith acu ar shochaí agus ar gheilleagar na hÉireann.

Cuireann comhpháirtíochtaí comhoibríocha láidre le taighdeoirí, Institiúidí Ardoideachais, an tionscal, agus rialtas le rath FEÉ. In 2020, chonaiceamar díreach chomh luachmhar agus atá na comhpháirtíochtaí sin maidir le réitigh nuálacha ar an bpaindéim a chur ar aghaidh ag luas gan choinne. Trí Phlean Cúig Phointe FEÉ chun tacú le Plean Gníomhaíochta Náisiúnta an Rialtais, d'infheistigh FEÉ €18 milliún in 83 tionscadal tríd an nGlaon Nua Taighde, Forbairt, agus Nuálaíochta Mearfhreagartha COVID-19 i gcomhpháirtíocht le ÚFT Éireann, le Fiontraíocht Éireann, leis an mBord Taighde Sláinte, agus leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn. Chomh maith leis sin, infheistíodh €4.8 milliún i dtionscadal Mhol Taighde COVID-19 de chuid Choláiste na Tríonóide, BÁC faoi Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí FEÉ. Go tábhachtach, in ainneoin an ghá le próiseas mear, baineadh leas as caighdeán dhochta athbhreithnithe lena chinntiú go maíneofar taighde den chéad scoth. Leanann na tionscadail le tacaíocht a thabhairt dár bhfreagairt náisiúnta ar COVID-19.

Tógann sé mo chroí nuair a fheicim an méid eisceachtúil atá déanta ag córas taighde na hÉireann le bliain anuas, bliain a bhí ina bhliain dheacair, mar gheall ar shrianta, chun taighde a dhéanamh gan trácht ar thorthaí tapa agus éifeachtacha a sholáthar. Ó mhaoiniú FEÉ de €199 milliún, rinne taighdeoirí maoiniú seachtarach €255 milliún a ghíaráil tuilleadh, rud a thug an luach ar airgead don státchiste ó infheistíocht FEÉ chun suntais. Leis an gcur chuige sin uasmhéadaítear an toradh ar infheistíocht an cháinócóra trí thacaíocht a thabhairt do thaighde ardchaighdeán, teagasc atá bunaithe ar thaighde inár nInstitiúidí Ardoideachais, tacaíocht a thabhairt do phoist dhíreacha agus indíreacha, agus téarnamh gheilleagar na hÉireann a chur chun cinn.

Thacaigh maoiniú FEÉ le 2, 951 comhoibriú tionscail, le 1,497 comhoibriú réigiúnach ar fud na hÉireann. Aimsíodh cothromaíocht mhaith agus 747 ceann díobh de na comhoibríthe sin le cuideachtaí ilnáisiúnta (MNCanna), agus 750 ceann díobh le fiontair bheaga go meánmhéide (FMBanna). Agus tacaíocht á tabhairt d'uaimhian na hÉireann bheith ina ceannaire nuálaíochta dhomhanda, agus ina suíomh le haghaidh sármhaitheas taighde agus infheistíochta, thacaigh FEÉ le 1,966 poist céimí-mic léinn in 2020 agus, lenár gcomhpháirtithe IA agus fiontraíochta, tá deiseanna fostaíochta á gcruthú fós leis sin do chéimithe agus Éire á cur chun cinn mar cheann scríbe mealltach dár dtallann taighde is fearr.

Leanann líonra Ionad Taighde FEÉ i gcomhar lena chomhpháirtithe tionscail agus 17 IA ar fud na tíre, le heolaíocht den scoth a sholáthar. I ndiaidh dianpróiseas piarmheasúnuithe idirnáisiúnta, chuaigh cúig cinn d'Ionaid Taighde FEÉ ar aghaidh go dtí an dara clár taighde sé bliana.

Straitéis Nua FEÉ

Bhí ríméad orm an Taoiseach a chur i láthair nuair a sheol sé Straitéis nua uaimhianach FEÉ, *Ar dTodhchaí a Mhúnlú 2020-2025*, níos luaithe i mbliana. Is é is cuspóir leis an Straitéis tionchar a sholáthar ón taighde inniu, agus ullmhú ag an am céanna chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin amach anseo. Tacaíonn a Straitéis leis na tosaíochtaí a ndéantar achoimre orthu i gClár Rialtais na hÉireann, agus leis na cuspóirí atá leis an bplean um théarnamh náisiúnta. Beidh infheistíocht láidir leanúnach sa taighde ina príomhchinntitheach le haghaidh rath agus bláth na hÉireann agus a muintire amach anseo. Tá earnáil taighde na hÉireann fós riachtanach chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch, cruthú post agus rathúnas náisiúnta, ata forbairthe ar bhonn láidir Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TF&N), agus atá tacaíthe ag buíon daoine ardléannta agus ardoilte.

Braitheann an fás agus an rath sin go hiomlán ar infheistíocht mhéadaithe sa taighde chun teacht le hinfeistíocht ár n-iomaitheoirí. Tá infheistíocht sa taighde ina bonneagar taca riachtanach do gheilleagar na hÉireann, ríthábhachtach chun leanúint le hinfeistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh (agus níos tábhachtaí fós maidir le tairiscint luach na hÉireann amach anseo). Tá sé ríthábhachtach chun táirgiúlacht a mhéadú i FBManna, agus ríthábhachtach chun cumas na hÉireann a fhorbairt chun dul i ngleic le dúshlán na sochaí atá tuartha agus cinn nach bhfuil tuartha.

Aithníonn an FEÉ an gá atá le punann chothromaithe taighde a mhaoiniú, tacaíocht a thabhairt don obair atá ar bun ag taighdeoirí luathchéime, taighdeoirí bunaithe agus comharghnónna taighde níos mó. Díreimid ar thacaíocht a thabhairt do thosaíochtaí náisiúnta taobh istigh de réimse na ‘núshlán mór’ seo, amhail astaíochtaí meatáin talmhaíochta a laghdú, bithéagsúlacht a chothú, agus cibearshlándáil a fheabhsú. Oibreoimid, nuair is féidir, lenár gcomhpháirtithe ar an oileán chun an saineolas coiteann sa réimse sin agus i réimsí eile a uasmhéadú. Leanfaidh FEÉ le comhpháirtíochtaí comhoibríoch a idirnáisiúnta straitéiseacha a fhorbairt, comhpháirtíochtaí fiontraíochta a fhás agus cinn nua a fhorbairt, agus oibreoimid leis an earnáil phoiblí chun glacadh teicneolaíochtaí nua a chothú, feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí, agus tacú le déanamh beartas bunaithe ar fhianaise.

Tá an eolaíocht ann do chách agus díríonn FEÉ ar thacaíocht a thabhairt do lucht saothar eolaíoch, taighde agus nuálaíochta atá éagsúil, atá ar fáil do gach uile dhuine agus a sholáthraíonn deiseanna do mhórán daoine. Leanfaidh FEÉ le tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht phoiblí san eolaíocht agus tacóidh sé le buíon tallainne, ó scoláirí scoile go hOllaimh Taighde FEÉ atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda.

Is cúis bhróid é don Bhord agus dom féin an cion atá curtha ag FEÉ le geilleagar na hÉireann agus leis an tsochaí. Ba bhliain dheacair a bhí sa bhliain ach ba bhliain iontach a bhí inti freisin, toisc gur tháinig an Ghníomhaireacht faoi shainchúram na Roinne nuabhunaithe Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta faoi stiúir an Aire Simon Harris, TD. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus lena oifigigh as an gcaidreamh oibre iontach a bunaíodh go gasta. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith le hiar-Airí agus Airí reatha agus iar-oifigigh agus oifigigh reatha na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as a dtacaíocht sna blianta ónar bunaíodh FEÉ. Chomh maith le comhpháirtíochtaí nua a chur chun cinn sa Roinn nua, táimid ag tnúth le leanúint orainn ag obair as lámha a chéile leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíocht, ÚFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann ár Straitéis nua á cur chun feidhme againn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom moladh a thabhairt d’inoiriúnaitheacht agus d’athléimneacht phobal Taighde FEÉ, dár gcomhpháirtíocht IA, do na ranna rialtais agus dár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an Ollamh Mark Ferguson, agus baill foirne ardghairimiúla agus tiomnaithe FEÉ go léir as a gcuid oibre den scoth le linn tréimhsí dúshlánacha. Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le baill chumasacha agus dhíograiseacha Bhord FEÉ a thug a n-am luachmhar lena chinntiú go soláthróidh FEÉ a acmhainn iomlán do mhuintir na hÉireann.



An tOllamh J. Peter Clinch
Cathaoirleach Bhord
Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra.

An tOllamh Mark Ferguson,
Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann



Spreagtar dul chun cinn iontach le fionnachtain, aireagán agus nuálaíocht, a d'fhéadfaí saol daoine ar fud an domhain a bhunathrú agus a fheabhsú, rud a mbeadh sláinte, oideachas, torthaí sochaíocha agus eacnamaíocha níos fearr mar thoradh air. Agus muid ag teacht le chéile nuair a bhí géarchéim dhomhanda ann, chun paindéim COVID-19 a bhainistiú, chonaiceamar an cion ollmhór atá tugtha ag an eolaíocht, taighde agus nuálaíocht. Níl aon dabht ach go bhfuilimid níos láidre agus níos éifeachtúla nuair a oibrímid le chéile.

In ainneoin na ndúshlán ar fad a bhí romhainn i rith 2020, tháinig pobal taighde maoinithe FEÉ le chéile chun eolaíocht cheannródaíoch den scoth a sholáthar a bhfuil tionchar mór aige ar fud an domhain, agus soláthraíodh é sin go minic laistigh d'achair ama thapa. Léirigh an Glao ilgnhíomhaireachta Mearfhreagartha COVID-19 é sin, agus ní mór dúinn anois na ceachtanna ón gcomhoibriú idirghníomhaireachta ardleibhéil éifeachtach sin a ghlacadh agus é a phríomhshruthú, chun dul i ngleic leis na dúshlán atá chomh práinneach céanna maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú, aistriú go geilleagar glas, aistriú digiteach agus tionchar paindéimí amach anseo a íoslaghdú.

In 2020, thuairiscigh taighdeoirí atá maoinithe ag FEÉ 5,888 foilseachán, 220 nocht aireagáin, 48 dámhachtain phaitinne agus naoi mac-chuideachta. Tá 28 duine de na taighdeoirí is mó a luaitear ar domhan maoinithe ag FEÉ agus tá Éire fós sa 1ú áit ar domhan as tionchair eolais.

Lean ár bpobal lenár lorg idirnáisiúnta a fhorbairt, agus tionóladh 5,513 comhoibriú idirnáisiúnta acadúil taighde san iomlán ar fud 86 tír. D'éirigh linn san iomaíocht ar an leibhéal is airde san Eoraip. Buadh €106 milliún ón Aontas Eorpach (AE) agus bhuaigh taighdeoirí FEÉ 10 ndámhachtain ardghradaim ó gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC), rud a léiríonn ceannaireacht agus rath na hÉireann atá ag fás i mórchlár Eorpacha agus idirnáisiúnta. Maidir le rath taighde na hÉireann i bhFís 2020 bhuaigh Éire níos mó maoiniú iomaíoch [>€1.25bn] ná a ranníocaíocht le buiséad Fís den chéad uair.

Tá FEÉ ag tacú leis an téarnamh eacnamaíoch le comhpháirtíocht láidir tionscail agus cómhaoiniú trí Ionaid Taighde FEÉ agus dámhachtainí na gComhpháirtíochtaí Straitéiseacha. In 2020 chomh maith, neartaíodh ár gcuidreamh comhoibríoch lenár gcomhpháirtithe Institiúidí Ardoideachais (IA) go mór, chomh maith le comhoibríthe leanúnacha le comhpháirtithe idirnáisiúnta amhail an Fhondúireacht Náisiúnta Eolaíochta (FNE), Institiúidí Náisiúnta Sláinte (NIH), Taighde agus Nuálaíocht RA (UKRI), agus an Cumann Ríoga.

Tá an sármhaitheas in Éirinn dáilte ar bhonn geografach ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais agus ar bhonn earnála ar fud cuideachtaí beaga agus móra, chomh maith leis an saol acadúil. Baineann Cláir Ionaid FEÉ (Ionad Taighde FEÉ agus Ionad FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde) leas as an sármhaitheas dáilte sin, ag soláthar taighde agus oiliúint taighde den scoth.

Rinneadh chéad dámhachtainí Chlár Teorainneacha FEÉ don Todhchaí chun tacú le taighde faoi threoir taighdeoirí aonair, rud a spreag níos mó iarratais rathúla ó mhná agus a spreag imscrúdaitheoirí a bhí ag teacht chun cinn chun iarratas a dhéanamh ar FEÉ den chéad uair, chomh maith le himscrúdaitheoirí bunaithe. Tá sé rithábhachtach fós tallann a fhorbairt, a mhealladh, a fhás agus a choimeád ar mhaithe le rathúnas amach anseo.

Tá sé ina fhócas fós ag FEÉ cuir chuige nua maidir le tacú le taighde a fhorbairt. Dámhadh an chéad duais €1 mhiliún ó chlár maoinithe dúshlán ó Dhuais Nuálaí Amach Anseo FEÉ agus seoladh dhá dhúshlán nua i réimsí lena mbaineann tábhacht straitéiseach – Astaíochtaí Nialasacha agus IS chun Tairbhe na Socháí.

In 2020, faomhadh 343 dámhachtain nua san iomlán in 20 clár, lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh cúig Ionad Taighde FEÉ chun tús a chur lena ndara céim agus tá sé ar ár gcumas anois tús a chur lenár straitéis nua cúig bliana 'Ár dTodhchaí a Mhúnlú' a chur chun feidhme.

Chuir FEÉ fáilte mhór roimh bhunú na Roinne nua Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta, a éascóidh comhtháthú níos fearr in éiceachóras na hÉireann.

Tá sé beartaithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe ar fad, an straitéis seo a chur i bhfeidhm, ionas go mbeidh Éire ina ceannaire, glas, inbhuanaithe, teicneolaíochta doimhne amach anseo. Ceann a oibríonn chomh maith chun comhoibriú a mhéadú le Tuaisceart Éireann le héiceachóras taighde uile-oileáin a chruthú.

Luaigh Eurostats gurb í Éire ar an tír is éifeachtúla san Eoraip ó thaobh T&F de, ag cruthú aschur níos mó maidir leis an nuálaíocht in aghaidh an euro ó chistí poiblí a infheistíodh i gcomparáid le tír ar bith eile. I gcomhthéacs iomaíocht dhomhanda threisithe, COVID-19 agus an athraithe aeráide, tá taighde agus nuálaíocht tábhachtach do chumas an náisiúin gníomhú go gasta agus go héifeachtach, ag baint leas as deiseanna nua agus athléimneacht á forbairt do dhúshlán amach anseo. Ar bhonn domhanda, tá méadú ag teacht ar an infheistíocht phoiblí i dtaighde agus i nuálaíocht, agus ní mór dúinne an rud céanna a dhéanamh má táimid le lúfaireacht, comhtháthú agus díograis ar n-éiceachórais taighde, agus tairbhí sochaíocha agus eacnamaíocha ár dtaighde agus ár nuálaíochta amach anseo a choimeád.

Oibreoidh FEÉ leis an bpobal chun rannpháirtíocht níos doimhne agus níos inmhathana a chruthú, agus beidh níos mó ionchuir ó shaoránaigh ar cad a theastaíonn uathu ón gclár oibre taighde. Trí rochtain chothrom ar oideachas in ETIM a bheith ann, trína gcinnteofar go mbeidh comhdheis ag gach saoránach chun staidéar ETIM a dhéanamh, ní hamháin go gcuirfead feabhas ar thuiscint na tíre ar an eolaíocht, chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoinár dtodhchaí chomhchoiteann, ach cinnteofar chomh maith go mbeidh na scileanna agus an tallann againn chun na réitigh chun freastal ar riachtanais na todhchaí a sholáthar.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bpobal taighde as a ndíograis, agus lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár gcomhpháirtithe ar fud an saoil acadúil, an Tionscail agus an rialtais as bhur dtacaíocht agus bhur gcomhoibriú leanúnach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta, Simon Harris, TD, agus leis an gcuid mhór ionadaithe tofa as a dtacaíocht in 2020. Tá an t-aistriú réidh isteach inár máthair-Roinn nua agus an dlúthchaidreamh le ranna eile, gníomhaireachtaí stáit agus na hInstitiúidí Ardoideachais riachtanach don dóigh a n-oibríonn agus a soláthraíonn FEÉ. Gabhaim buíochas lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus tionscail as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht le cómhaoiniú ár gclár agus dámhachtainí comhpháirtíochta. Ar deireadh, ba mhaith buíochas a ghabháil le fostaithe uile FEÉ agus le Bord FEÉ as a dtiomantas láidir agus a gcuid oibre crua.



Is é an tOllamh Mark Ferguson

Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann

2020

Bliain faoi Athbhreithniú



EANÁIR

- ▶ Chuaigh 24 foireann san iomláocht do €5 mhilliún i nDuais Nuálaí Amach Anseo FEÉ [An Dúshlán IS chun Tairbhe na Sochaí agus Astaíochtaí Nialasacha](#) chun réitigh úrnuála lena dtéitear i ngleic le príomhbhuarthaí sochaíocha a fhorbairt.

▶ [Féach ar an bhfíseán](#)



Sa phictiúr (c-d): Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. An Dr Maria Rodriguez Aburto, an Dr Eileen Ryan, an Dr Maria Esteban-Torres, an Dr Ciaran Lee.

FEABHRA

- ▶ Rinneadh [comhaltachtaí iardhochtúireachta ardghradaim AE um Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie \(MCSA\)](#) a bhronnadh ar cheithre thaighdeoir ag Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland.
- ▶ D'éirigh le taighde arna mhaoiniú ag AE agus FEÉ ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) i gcomhair le hInstitiúid Roslin [le cealla scamhóige a mhapáil i mba a bhí frithsheasmhach in aghaidh na heitinne \(bTB\).](#)



Sa phictiúr (c-d): An Dr Sónia Negră (COBÁC), an Dr Roman Romero-Ortuno, Coláiste na Tríonóide, an Dr Nessa O'Connor, Coláiste na Tríonóide, an Dr David Loane, Coláiste na Tríonóide, an Dr Rory Johnson, COBÁC; An Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí, FEÉ, Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, an Dr Cairtriona Jackman (Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath); an Dr Stephen Redmond, COBÁC; an Dr Suzanne Cloonan, Coláiste na Tríonóide, an Dr Eóin McNamee, agus an Dr Joanne Masterson, an bheirt acu as Ollscoil Mhaigh Nuad.

MÁRTA

- ▶ D'óstáil Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, [deich bhfaighteoirí de Chlár Ceannairí Taighde Amach Anseo Uachtarán na hÉireann](#) in Áras an Uachtaráin chun ceannairí taighde luathchéime den scoth agus ceannairí taighde luathchéime atá ag teacht chun cinn a cheiliúradh.

2020 Bliain faoi Athbheithniú



Sa phictiúr (c-d): An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, FEÉ, agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, an tOllamh Neville J Hogan, Ollamh Sun Jae na hInnealtóireacht Meicniúla (MIT), agus an Dr Ann B Kelleher, an Leas-Uachtarán Sinsearach ag Intel.



Sa phictiúr (c-d): an tOllamh Patrick O'Shea, Uachtarán COBÁC; an tOllamh Paul Ross, Stiúrthóir Ionad Taighde FEÉ, an Institiúid APC Microbiome; an Dr Martin Kullen, Ceann um Thaighde agus Forbairt Dhomhanda ag Nutrition & Biosciences DuPont; an Dr Lori Lathrop Stern, Idirchaidreamh Eolaíochta ag Nutrition & Biosciences DuPont; an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann; agus an tOllamh Catherine Stanton, Príomh-imscrúdaitheoir Ionad Taighde FEÉ, an Institiúid APC Microbiome.



Sa phictiúr c-d (glactha i Márta 2020) Lynne Miskelly, Uasal, an Roinn Eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann, an tOllamh Mark Ferguson, FEÉ, an Dr Sandra Cruz-Pol, an Fhondúireacht Náisiúnta Eolaíochta, Jill Colquhoun, Uasal, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta an Dr Ekaterina Nesterenko, FEÉ, Sarah Scharf, Uasal, Institiúid Náisiúnta Sláinte, Dan Mulhall, Ambasadóir na hÉireann chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Dr Rosemary Hamilton, Comhchathaoirleach Thuaisceart Éireann ar Ghrúpa Stiúrtha Comhpháirtíochta T&F SAM-Éireann, an tUasal Feargal Ó Móráin, Comhchathaoirleach na hÉireann ar Ghrúpa Stiúrtha Comhpháirtíochta T&F SAM-Éireann, Gráinne Lennon, Idir-Thrádáil Éireann.

MÁRTA Ar lean

- ▶ Bronnadh [Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ](#) ar an Ollamh Neville J Hogan, Ollamh Sun Jae na hInnealtóireachta Meicniúla agus Ollamh na hEolaíochta Inchinne agus Cognaíche ag Massachusetts Institute of Technology (MIT) agus an Dr Ann B Kelleher, Leas-Uachtarán Sínearseach agus an Bainisteoir Ginearálta ag Intel.
- ▶ D'fhógair Ionad Taighde FEÉ ag an gColáiste Ollscoile, Corcaigh, APC Microbiome Ireland, tionscadal taighde comhoibríoch nua le Nutrition & Biosciences DuPont [chun feabhas a chur ar shláinte naíonán, mar chuid de thionscadal €6.3 milliún](#) arna mhaoiniú faoi Chlár Spokes FEÉ.
- ▶ Sheol FEÉ a [phlean Cúig Phointe mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19 agus an clár um Maoiniú Taighde agus Nuálaíochta Mearfhreagartha COVID-19](#).

AIBREÁN

- ▶ Fógraíodh comh-infheistíocht dar luach €12 mhilliún trí [chomhpháirtíocht thríthaobhach taighde agus forbartha](#) faoi Chlár T&F SAM-na hÉireann.

BEALTAINE

- ▶ Fógraíodh an Dr Alison Liddy agus a foireann ag OÉ Gaillimh mar an chéad fhaighteoir de Dhuais Nuálaí Amach Anseo FEÉ dar luach €1 milliún as a dtionscadal Hydrobloc.
- ▶ [Dámhadh Dámhachtain Bhonneagair FEÉ](#) dar luach €1.47 milliún ar thaighdeoirí ag Ollscoil Mhíochaine agus Eolaíochtaí Sláinte RCSI (RCSI) chun saoráid uathúil a fhorbairt le haghaidh micreascópacht ardleibhéal in Éirinn.



Dr Alison Liddy ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Íomhá: Aengus McMahon.

MEITHEAMH

- ▶ Bhuaigh an RCSI, COBÁC Ionad Taighde CÚRAM FEÉ le haghaidh Feistí Leighis dámhachtain Bhonneagair Taighde FEÉ dar luach €3.4 milliún [chun Ionad Íomháithe Réamhchliniciúil Náisiúnta \(NPIC\) a fhorbairt](#).
- ▶ D'fhorbairt an tOllamh Jane Farrar agus a foireann ag Scoil Ghéineolaíochta agus mhicribhitheolaíochta Choláiste na Tríonóide [cur chuige nua maidir le teiripe ghéine a bhfuil an acmhainn leis galar súl a chóireáil](#).

IÚIL

- ▶ D'fhógair an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta, Simon Harris, TD, [infheistíocht €4.8 milliún in imdhíoneolaíocht COVID-19 faoi stiúir an Ollaimh Kingston Mills agus an Ollaimh Aideen Long](#) ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- ▶ Seoladh dhá chomórtas de chuid Dhuais Nuálaí Amach Anseo FEÉ i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir le [laghdú ar dhramhbhia agus ar phlaistigh inbhuanaithe, arbh ionann iad agus infheistíocht €4 milliún](#).
- ▶ Sheol an tAire Simon Harris, TD, [Féile na Fiosracha lena dtacaíonn FEÉ, le hardán imeachtaí fíorúla nua](#) do dhaoine de gach aois chun sult a bhaint as ETIM agus na healaíona agus iad a iniúchadh.



Sa phictiúr (c-d): An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, FEÉ agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, an tOllamh Kingston Mills, Coláiste na Tríonóide, BÁC, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD, an tOllamh Luke O'Neill, Coláiste na Tríonóide, BÁC, an tOllamh Aideen Long, Coláiste na Tríonóide, BÁC, an Dr Patrick Prendergast, iar-Phropast, Coláiste na Tríonóide, BÁC.



Sa phictiúr c-d: An Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir na hEolaíochta don tSocháí, an tAire Simon Harris, TD, agus an Dr Mairead Stack i gGairdín na bPailneoirí ag Coláiste na Tríonóide, BÁC.

2020 Bliain faoi Athbhreithniú

IÚIL Ar lean

- ▶ D'fhógair Lero, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Bogearraí faoi stiúir Ollscoil Luimnigh (OL), comhpháirtíochtaí acadúla nua, le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan (CIT an tráth sin), agus [Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge](#), ina gcuimsítear [Institiúid Walton](#) (TSSG roimhe seo) chomh maith.
- ▶ Rinne Ionad Taighde FEÉ, Bithgheilleagar BiOrbic, agus Lárionad Biteicneolaíochta Feidhmithe na Sionainne ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (ITL) (Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí ag an am) [comhpháirtíocht a shíniú chun bithgheilleagar na hÉireann atá ag teacht chun cinn a fhorbairt](#).
- ▶ I staidéar ceannródaíoch, a rinne Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland, ar [mhicribhithóm Thaistealaithe Éireannacha](#) nochtadh cosaint fhéideartha ó mhórán neamhoird athlastacha ainsealacha.

LÚNASA

- ▶ Bhí an chéad chruinniú tosaigh ag Cathaoirleach Bhord FEÉ, an tOllamh Peter Clinch, leis an Aire Simon Harris TD, ócáid lenar cuireadh tús aistriú FEÉ isteach ina mháthar-Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Nuálaíochta agus Eolaíochta.
- ▶ D'fhorbair AMBER, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Ardtaighde Ábhar agus Bithinnealtóireachta ag Coláiste na Tríonóide, BÁC, [fionnachtain nua sa teicneolaíocht bhithphriontála 3T](#) chun tacú le hathghiniúint cnámh.



An tOllamh J. Peter Clinch, Cathaoirleach Bhord FEÉ.



An Dr Sanathana Konugolu de POF BiopixS le Myriam Cronin, Ceann Tairsín an Choláiste Ollscoile, Corcaigh, an Dr Rich Ferrie, Stiúrthóir, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh, Nuálaíocht, an tOllamh Paul Townsend, Ceann an Ionaid Fótonaice, Tyndall agus Stiúrthóir Ionad Taighde FEÉ, IPIC.

MEÁN FÓMHAIR

- ▶ Sheol Ionad Taighde FEÉ, IPIC, Institiúid Náisiúnta Tyndall agus Nuálaíocht Coláiste Ollscoile, Corcaigh mac-chuideachta nua, BioPixS, chun taighde úrscothach [a aistriú go réitigh nuálacha ardteicneolaíochta](#) don mhargadh Bithfhótónaice.
- ▶ Seoladh an comórtas físeáin 'ReelLIFE SCIENCE' arna mhaoiniú ag Fionnachtain FEÉ i gcomhar le OÉ, Gaillimh, an Tionscnamh um Eolas an Phobail, Ionad Taighde FEÉ, CÚRAM, le haghaidh Feistí Leighis agus Cell EXPLORERS.
- ▶ Sheol Ionad Taighde FEÉ, CONNECT, le haghaidh Líonraí Amach Anseo, faoi stiúir Choláiste na Tríonóide, BÁC, [tionscadal um bonnagar taighde 'Open Ireland' dar luach €2 mhilliún](#) chun dlús a chur leis an taighde teileachumarsáide in Éirinn.



Dr Marco Ruffini, an Príomhimscrúdaitheoir ag Ionad Taighde FEÉ, CONNECT, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Líonraí Amach Anseo ag Coláiste na Tríonóide, BÁC.

DEIREADH FÓMHAIR

- ▶ D'fhógair an tAire Simon Harris, TD, 72 deontas taighde le hinfeistíocht €52 milliún ar fud 12 Institiúid Ardoideachais, [trí Chlár Teorainneacha FEÉ don Todhchaí](#).
- ▶ Bhí Seachtain mhatamaitice na hÉireann [ar siúl ón 10 go dtí an 18 Deireadh Fómhair](#) lenar bhain réimsí imeachtaí ar líne a chuir tuiscint ar an matamaitic chun cinn ar fud gach earnáil den tsochaí.
- ▶ Le taighde nua ó AMBER, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Ardtaighde Ábhar agus Bithinnealtóireachta, TrinityHaus agus na Scoileanna Innealtóireachta agus Ceimice ag Coláiste na Tríonóide, BÁC, a foilsíodh in NatureFood, [cuireadh fianaise i láthair ar nochtadh naíonán ar fud an domhain do mhicreaphlaistigh](#).
- ▶ D'fhógair an tAire Simon Harris, TD, [12 dhámhachtain taighde arbh ionann iad agus infheistíocht €699,000 arna mhaoiniú ag clár Comhaltachtaí Seirbhíse Poiblí FEÉ](#).



Seolann tAire Oideachais, Norma Foley TD, an Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí ag FEÉ, an Dr Sheila Donegan, Comhbhunaitheoir na Seachtaine Matamaitice agus scoláire bunscóile an tSeachtain Mhatamaitice 2020.

SAMHAIN

- ▶ [Cheiliúir Seachtain na hEolaíochta a comóradh 25 bliain](#) le féile fhíorúil faoin ainm, 'Choosing our Future' ina raibh 13 fhéile réigiúnacha.
- ▶ Bhí an fhéile scannán 'Science on Screen' arna réachtáil ag [CÚRAM, Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Feistí Leighis](#) ag OÉ, Gaillimh agus Ionad Scannán na Gaillimhe ar siúl ar líne [ag cur clár faisnéise a bhain le ETIM ar taispeáint](#).
- ▶ Tá [mac-chuideachta ó Ionad Taighde ADAPT FEÉ](#) le haghaidh Theicneolaíocht na Meán Digiteach faoi Tionchar IS, CaliberAI, ag forbairt réiteach IS ar féidir clúmhilleadh agus fuathchaint a bhraith léi sula ndéanfar é a fhoilsiú



Bhí foghlaim faoi eolaíocht na ndineasár ar cheann den mhórán imeachtaí a bhí ar siúl ag Féile Eolaíochta an Láir Tíre, le linn Sheachtain na hEolaíochta 2020. Íomhá: Veronica Nicholson.

2020


Bliain faoi
Athbheithniú

NOLLAIG

- ▶ D'fhógair an tAire Simon Harris, TD, [tionscadal dar luach €5 mhilliún ar an athrú aeráide dar teideal Terrain-AI, arna chómhaoiniú ag Microsoft Ireland agus FEÉ](#), i gcomhar le hOllscoil Mhaigh Nuad.
 - ▶ Sheol Ionad Taighde FEÉ, Confirm, i nDéantúsaíocht Chliste, faoi stiúir Ollscoil Luimnigh, [a chéad shaoráid shaincheaptha don Déantúsaíocht Dhigiteach](#) i nDúiche Dhigiteach OL, mar an chéad líonra déantúsaíochta digití 5T in Éirinn.
 - ▶ [Fuair 331 bunscoil ar fud na tíre Dámhachtain Fionn Eolaíocht agus Matamaitic na Bunscoile FEÉ \(DPSM\)](#) lena n-áirítear a sármaithais i gcur i bhfeidhm ETIM ina gcuracalam.
- ▶ [Féach ar an bhfíseán](#)



Óstálann Mark Langtry sraith seó eolaíochta fíorúil, mar chuid de chlár DPSM FEÉ agus ESERO Ireland, agus i gcomhar le leabharlanna Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.



Freagairt ar thabhairt ar COVID-19

In 2020, tháinig an pobal taighde domhanda le chéile ar bhealach an-chomhoibríoch, sofhreagúil gan choinne chun dul i ngleic le dúshlán phaindeim COVID-19.

Agus tacaíocht á tabhairt do fhreagairt rialtas na hÉireann ar an ngearchéim, d'fhorbair [FEÉ plean cúig phointe go gasta](#) inar díriodh ar mhaoiniú taighde láithreach a sholáthar; faisnéis a thiomsú agus rannpháirtíocht chomhoibríoch agus coimeádaíocht fadhbanna a éascú ar fud go leor eárnálacha.

Chuir taighdeoirí in Éirinn borradh mór faoi chúrsaí chun 'tús áite a thabhairt do leas náisiún na hÉireann' ag soláthar saineolais ó na hInstitiúidí Ardoideachais i réimsí amhail rianú teagmhálaithe agus déantúsaíocht. Thug siad trealamh agus soláthairí riachtanacha, chomh maith le baill foirne agus saoráidí a sholáthar le haghaidh tástála, samhaltaithe agus priontáil 3T. In ainneoin na ndúshlán ollmhór, lean taighdeoirí fós le páipéir eolaíoch iontacha a fhoilsiú agus ag obair leis an tionscal le linn 2020. D'aithin FEÉ, dá réir sin, na mórdhúshlán a bhí le sárú ag go leor grúpaí taighde, trí spriocdhátaí a shíneadh agus painéil piarmheasúnaithe idirnáisiúnta a chur le chéile faoi cheann cúpla seachtain go díreach chun maoiniú a scaipeadh lenár bhain dhianchaighdeán sármhaitheasa.

Rinne comhoibriú ardleibhéil idirghníomhaireachta agus IA, i dteannta le EI, ÚFT Éireann, HRB agus IRC, an Clár Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta Mearfhreagartha COVID-19, agus infheistíocht FEÉ de €18 milliún in 83 tionscadal trí dhá ghlaó ar mhaoiniú, chun réitigh nuálacha a sholáthar ar fud an tsaoil acadúil agus an tionscail.


I gcuid mhór de na tionscnaimh mhaoinithe tugtar aghaidh ar ghnéithe sláinte agus sochaíoch COVID-19 nach féidir dul i ngleic leo le vacsaín díreach. Tá na réitigh shochoíoch fhadtéarmacha sin rithábachtach agus muid fós ag maireachtáil leis an víreas agus ag tosú ag oscailt na sochaí arís.



Sa phictiúr c-d: An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann; an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD, an tOllamh Zena Moore agus an tOllamh Donal O'Shea ag Ollscoil Mhíochaine agus Eolaíochtaí Sláinte RCSI.

Íomhá leis an Dr Niall Smith, an Ceann Taighde ag MTU agus Fhaireachlann Chaisleán na Carraige Duibhe, MTU.





Táimid níos láidre nuair a oibrímid le chéile

Faoin dara céim den Chlár, [bronnadh naoi ndámhachtain mar chuid de chomhpháirtíocht chomhoibríocht taighde uile-Éireann](#) leis an Roinn Geilleagair agus an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe i dTuaisceart Éireann.

Leanann ár n-ollscoileanna agus ár n-institiúidí teicneolaíochta le tacaíocht mhór a thabhairt don iarracht náisiúnta chun dul i ngleic leis an víreas agus cuidiú linn teacht chugainn féin. Táimid níos láidre nuair a oibrímid le chéile.



Sa phictiúr c-d: An tOllamh Conor McCarthy, Director Confirm, an tOllamh Leonard O'Sullivan, Scoil Deartha OL, an tOllamh Paul Burke, Príomhoifigeach Acadúil ag Ospidéal Ollscoile Luimnigh.



Sa phictiúr c-d: An tOllamh Patricia Maguire, Stiúrthóir Institiúid Fionnachtana COBÁC, leis an Dr Barry Kevane, Haemaiteolaí Comhairleach, Ospidéal Ollscoie Mater Misericordiae, don staidéar COCOO, ag féachaint ar théachtapaite agus ar thrombóis COVID-19. Deiseanna nua prognóiseacha agus teiripice.




Sa phictiúr c-d: An tOllamh Charles Spillane le baill dá Shaotharlann Géineolaíochta agus Biteicneolaíochta, Institute Ryan, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. L-R: Maryam Sathteh, an Dr Galina Brychkova, an tOllamh Charles Spillane, an Dr Noel Lucca. Bhain a dtionscadal COVID-19 le CRISPR-Cas13 ard-tréchuair gasta, ardán diagnóisic le haghaidh diagnóisic COVID-19.


Mol Taighde COVID-19

Infheistíocht €4.8 milliún faoi Chlár Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha FEÉ, i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, BÁC agus Banc-Aontas Éireann (AIB), chun ionad barr feabhais in imdhíoneolaíocht COVID-19 a chruthú. [Faoi stiúir an Ollaimh Kingston Mills agus an Ollaimh Aideen Long](#) ag Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis na Tríonóide (TBSI) agus Institiúid Leighis Idirnáisiúnta na Tríonóide (TTMI) ag Coláiste na Tríonóide, BÁC, i gcomhar le taighdeoirí ag OL agus COBÁC, tá sé mar aidhm leis an taighde freagra a thabhairt ar phríomhcheisteanna, amhail cén fáth a bhfuil roinnt daoine níos leochailí i leith COVID-19 ná daoine eile.

Tá siad ag forbairt measúnachtaí tapa simplí chun ionfhabhtú reatha nó ionfhabhtú a bhí ann roimhe seo le SARS-CoV-2 a bhrath agus tá staidéar á dhéanamh acu ar na freagairtí imdhíonachta i gcohort éagsúla othar ar a bhfuil COVID-19, lena n-áirítear na hothair ag a bhfuil baol ard/íseal go bhforbróidh siad an galar nó na hothair a vacsaíníodh.

Leis sin cuirfear príomhfhaisnéis ar fáil le haghaidh dearadh vacsaíní agus vacsaíní níos éifeachtaí lena dtugtar cosaint fhadtéarmach ar ionfhabhtú, chomh maith le teiripic lena rialaítear athlasadh.





D'infheistigh FEÉ €18 milliún in 83 tionscadal trí dhá ghlaó ar mhaoiniú

Ráigeanna COVID-19 i Monarchana Próiseála Feola a Thuiscint

Bhí ráigeanna COVID-19 i monarchana feola in Éirinn ina mbagairt ar oibríthe agus ar ár sochaí i gcoitinne. Tá sé mar aidhm le taighde a maoiníodh faoi chéim a dó de Chlár Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta Mearfhreagartha COVID-19, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus faoi stiúir an Ollaimh Grace Mulcahy ag COBÁC, tuiscint níos fearr a fháil ar an bhfáth a bhfuil monarchana feola leochaileach i leith tarchur COVID-19, agus conas na rioscaí a laghdú.

Déanfar scrúdú i staidéar ar athruithe ar sheicheamh géiniteach an víris, ar thomhais thionchar na n-athruithe ar an teocht, taise agus aershreafaí ar fud na monarchan, agus ar chóras luathrabhaidh ag baint úsáid as sruthanna dramhaíola.



Eipeasóid speisialta eolaíochta sa bhaile leis an Dr Dan Nickstrom d'Fhéile Eolaíochta an Láir Tíre a cuireadh ar líne mar gheall ar an bpaindéim. Íomhá: Slawek Bracki.



Faireachán galar


Le taighde arna mhaoiniú faoin gClár Mearfhreagartha COVID-19 agus faoi stiúir an Ollaimh Wim Meijer (COBÁC) agus an Dr Niall O'Leary (an Coláiste Ollscoile, Corcaigh) bunófar córas comhtháite le haghaidh faireachán uile-oileáin fuíolluisce SARS-CoV-2. Léiríodh le staidéar a rinneadh faoi stiúir COBÁC, gur féidir a shainiú, trí víreas COVID-19 san fhuíolluisce i bPoblacht na hÉireann a thomhas, má tá an víreas ann agus má tá na leibhéil ionfhabhtaithe ag méadú nó ag laghdú. Tá an teicneolaíocht sin á haistriú anois go Tuaisceart Éireann, i gcomhar le Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe Thuaisceart Éireann (DAERA).

Is féidir liosta iomlán de na tionscadail mhaoinithe a fháil ag [Maoiniú Taighde agus Nuálaíochta Mearfhreagartha COVID-19 \(sfi.ie\)](#)

Comhpháirtíocht Thríthaobhach Idirnáisiúnta Taighde

Bunaíodh comhpháirtíocht trasteorann idir FEÉ, Taighde agus Nuálaíochta na Ríochta Aontaithe (UKRI) agus an Fhondúireacht Náisiúnta Eolaíochta (NSF) chun feabhas a chur ar an fhreagrúlacht agus an nascacht idir na dlínsí, agus an comhar eolaíochta maidir le [dul i ngleic le paindéim COVID-19](#) a éascú ar bhealach níos fearr. Neartaíonn ár gcomhchumais leis sin chun ráigeanna a chosc nó aghaidh a thabhairt orthu go gasta le córas comhtháite um brath tapa, anailís, samhaltú agus frithbhearta.





Spotsolas ar:



► An tOllamh Paul Cotter, Príomh-Imscrúdaitheoir ag Ionad Taighde FEÉ, APC Microbiome Ireland, faoi stiúir an Choláiste Ollscoile, Corcaigh agus VistaMilk, Ionad Taighde FEÉ ag Teagasc.

Géinitic COVID-19 a rianú

Tá faisnéis ghéiniteach sa víreas is cúis le COVID-19, SARS-CoV-2, ar féidir leis athrú le himeacht ama.

“

Bhíothas ábalta an Cuibhreannas a chur le chéile a bhfuil leis an díograis agus an dúthracht iontach ó mhóran cliniceoirí agus taighdeoirí ar fud na tíre. Trí bheith ag obair le chéile, sholáthraíomar agus leanaimid ag soláthar príomhléargas maidir le scaipeadh víreasach agus an dóigh a bhfuil sé ag teacht chun cinn le himeachta ama.


”

An tOllamh Paul Cotter

Faoin gClár Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta Mearfhreagartha COVID-19, mhaoinigh FEÉ Cuibhreannas Náisiúnta um Sheicheamú an Choróinvíris a d'éascaigh 'léamh' seichimh RNA víreas a aonraíodh ó shamplaí ó othair ar a bhfuil ionfhabhtuithe COVID-19 a deimhníodh i saotharlanna agus chuir siad an fhaisnéis um sheicheamh ar fáil go héasca lena hanailísiú. Cuireadh ar chumas eipidéimeolaithe leis sin monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí in Éirinn agus ar bhonn idirnáisiúnta, agus súil a choinneáil amach le haghaidh athruithe ar víreas a d'fhéadfadh dul i gcion ar fhorbairt agus ar sholáthar cóireálacha agus vacsaíní.

Le 'léamh' na n-athruithe sin féadfar mapáil de scaipeadh víreasach ar fud na réigiún a éascú. Trí bheith ábalta déanamh géiniteach na víreas atá ag scaipeadh i dtír a dheimhniú is féidir cuidiú chomh maith le hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhraislí ionfhabhtuithe de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn, agus scaipeadh an víris a íoslaghdú. Éascaíonn bailiú sheichimh na víris sainaitheathruithe tábhachtacha nua a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chumas an víris bheith ina chúis le galar nó cóireálacha nó vacsaíní a sheachaint.

Tá Cuibhreannas na hÉireann um Sheicheamú an Choróinvíris faoi stiúir an Ollaimh Paul Cotter, Príomh-Imscrúdaitheoir le APC Microbiome Ireland agus VistaMilk, Ionad Taighde FEÉ ag Teagasc. Is fíor-chomhoibriú náisiúnta é an ICSC le taighdeoirí ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ollscoil Mhaigh Nuad, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, BÁC, ospidéal Beaumont, Ospidéal Ollscoile Chorcaí, Genomics Medicine Ireland, Helixworks, Ospidéal Ollscoile Chorcaí, an Saotharlann Tagartha Náisiúnta Víreas, Ollscoil Mhíochaine agus Eolaíochta Sláinte RCSI ag Ospidéal San Séamas. Tá an ICSC ag obair go dlúth chomh maith lena choibhéis sa Ríocht Aontaithe, COG-UK, agus na stóir Eorpacha Sonraí ag an gClarlann Eorpach Núicléitídí (ENA) agus an Tionscnamh Domhanda maidir leis na Sonraí Uile faoin bhFliú a Chomhroinnt.



Eolaíocht den Scoth

Tacaíonn agus spreagann FEÉ cion na hÉireann i ndáil leis na forbairtí eolaíochta is déanaí as a dtagann nuálaíocht sa saol acadúil, san fhiontraíocht, san earnáil phoiblí, sa tsochaí agus níos mó ná sin.

D'ainneoin na ndúshlán suntasach a bhí le sárú ag an bpobal taighde in 2020, lean FEÉ agus a phobal maoinithe, idir imscrúdaitheoirí aonair agus Ionaid Taighde FEÉ ar mhórskála, le sármhaitheas eolaíoch den chéad scoth a sholáthar, le tionchar dearfach suntasach ar ár sochaí agus ar ár ngeilleagar. Agus fíis agus géarchúis chun tosaigh, rinne taighdeoirí FEÉ fionnachtain nuálach eolaíoch a spreagadh go diongbháilte, ag cinntiú go mbeidh Éire ina suíomh mealltach i gcónaí le haghaidh tallann eolaíoch agus infheistíocht dhíreach eachtrach.

Foilseacháin agus Sleachta

Agus an rochtain ar shaotharlanna teoranta do mhórán earnálacha sa saol acadúil le linn na paindéime, tháinig méadú mór ar líon na bhfoilseachán in 2020, agus taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ ag leanúint le fionnachaí eolaíoch den chéad scoth a fhoilsiú le barr feabhais agus tionchar.

5,888

thuaiscigh taighdeoirí FEÉ an méid sin foilseachán in 2020


Tá 2.5 níos mó seans ann go mbeidh foilseachán arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina scothfhoilseachán i gcomparáid leis an meán domhanda (bunaithe ar fhoilseachán sa 1% de na foilseachán is minice a luaitear, ar bhonn domhanda).

Is é 1.75 meán náisiúnta na hÉireann.

Ranguithe Sainréimse de réir Cháilíocht an Fhoilseacháin		Tír	Maoinitheoir	# Doiciméid i nGréasán na hEolaíochta	Doiciméid sa Chéad 1%
Tá Éire rangaithe* sa:					
2 ^{ú háit}	Imdhíoneolaíocht	Éire	Uile	234,466	1.75
3 ^ú	Na hEolaíochtaí Talmhaíochta	Éire	Fondúireacht Eolaíochta Éireann	25,632	2.50
3 ^{ú háit}	Cógaseolaíocht agus Tocsaineolaíocht	AE	Uile	14,276,081	1.25
4 ^{ú háit}	Néareolaíocht agus Iompraíocht	AE	ERC	122,106	4.26
5 ^{ú háit}	Eolaíochtaí na nÁbhar	SAM	Uile	11,889,845	1.79
6 ^{ú háit}	Micribhitheolaíocht	SAM	NIH	1,820,417	2.89
8 ^{ú háit}	Bitheolaíocht Mhóilíneach agus Géineolaíocht	SAM	NSF	774,776	2.87
14 ^{ú háit}	Bitheolaíocht agus Bithcheimic	An tSín	Uile	5,358,986	1.20
21 ^{ú háit}	Innealtóireacht	RA	Uile	3,412,472	1.88
		An Eilvéis	Uile	707,387	2.62
		An Danmhairg	Uile	398,089	2.45
		Iosrael	Uile	355,971	1.70
		An Fhionlainn	Uile	307,287	1.85
		Singepór	Uile	297,792	2.40
		An Nua-Shéalainn	Uile	235,774	1.80

* Déantar staidrimh rangaithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a bhailiú trí InCites le Clarivate Analytics

Foinse: InCites le Clarivate Analytics



Tionchar Sochaíoch agus Eacnamaíoch

- ▶ I staidéar idirnáisiúnta faoi stiúir an Ollaimh David Henshall ag Ionad Taighde FutureNeuro FEÉ le haghaidh Galair Ainsealacha agus Galair Néareolaíochá Neamhchoitianta, faoi stiúir Ollscoil RCSI, [nochtadh trí mhóilín a bhfuil an acmhainneacht leo iad a fhorbairt ina ndrugaí nua chun titeamas a chóireáil](#). Tá titeamas ar cheann de na neamhoird néareolaíochá is coitianta ar fud an domhain, agus atá ar os cionn 50 milliún othar ar fud an domhain gan leigheas ar bith air faoi láthair.
- ▶ Bhí sé mar thoradh ar staidéar a rinne an t-iarrthóir PhD, Abeba Birhan, ag Ionad Taighde Lero FEÉ le haghaidh Bogearraí agus Saotharlann Bogearraí Casta COBÁC, [gur astarraingíodh leabharlann ina raibh 80 milliún íomhá](#). Ba leis Massachusetts Institute of Technology (MIT) an bunachar sonraí agus úsáideadh é chun oiliúint a chur ar chórais IS agus Meaisínfhoghlana ach fuarthas go raibh sé truaillithe le hábhar ciníochais, frithbhanda agus ábhar maslach eile.





An t-iarrthóir PhD, Abeba Birhane ag Ionad Taighde Lero FEÉ le haghaidh Bogearraí agus Saotharlann Bogearraí Casta COBÁC.

Líonra Eolaíochta: Na taighdeoirí is minice a luadh in 2020

Ainmníodh 33 eolaí atá ag obair in Éirinn i measc an **1% de na heolaithe is fearr ar domhan maidir le páipéir ardluaite** in 2020.

Astu siúd, chuir FEÉ maoiniú ar fáil do 28 taighdeoir. Sa liosta gradamach a d'fhoilsigh Clarivate Analytics aithnítear taighdeoirí den chéad scoth as a bhfeidhmíocht eisceachtúil taighde agus as páipéir ardluaite iomadúla a sholáthar.



Rinneadh 28 taighdeoir arna maoiniú ag FEÉ a ainmniú i measc an 1% den na taighdeoirí is fearr ar domhan




An t Kingston Mills, Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis na Tríonóide

Gradam Thaighdeoir FEÉ na Bliana 2020

Bhí ríméad ar FEÉ an tOllamh Kingston Mills a fhógairt mar Thaighdeoir FEÉ na Bliana 2020. Tá Kingston ina hOllamh ar Imdhíoneolaíocht Turgnamhach ag Coláiste na Tríonóide, BÁC, agus ina Stiúirthóir ar Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis na Tríonóide. Aithnítear leis an duais ghradamach seo buanna taighdeoir atá maoinithe ag FEÉ a rinne cion suntasach ar son phobal taighde na hÉireann agus a bhain torthaí taighde eolaíochta agus innealtóireachta den scoth amach.

Díríonn thaighde ar T-chealla in ionfhabhtú agus uath-imdhíonacht agus d'fhoilsigh sé os cionn 300 páipéar piarmheasúnaithe agus caibidil leabhar a luadh níos mó ná 31,000 uair. Táthar ag éirí leis ar bhonn leanúnach le deontais Príomh-Imscrúdaitheora a fháil ó FEÉ óna bhunú in 2001 agus stiúir sé líon Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Taighde leis an Tionscal.



Spotsolas ar:



▶ An tOllamh Luke O'Neill, Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta ag Coláiste na Tríonóide, BÁC.

Taighde fionnachtana

In 2020, cheannaigh an chuideachta drugaí Roche as an Eilvéis, an chuideachta biteicneolaíochta Inflazome atá bunaithe i mBaile Áth Cliath ar €380 milliún.



Is ciorcal dea-ghnímh é ar go leor bealaí. Mhaoinigh FEÉ mo shaotharlann, le hairgead na gcáiníocóirí. Rinneamar daoine a earcú agus a fhostú, roinnt díobh a fuair poist sa tionscal agus sa saol acadúil, mar sin d'fhorbairt sé a ngairmeacha. D'fhorbraíomar cuideachta nua a chruthaigh ioncam do Státchiste na hÉireann, don ollscoil agus do na páirtithe leasmhara. Níos tábhachtaí ná aon ní eile, rachaidh an taighde sin chun tairbhe othar. Ní fhéadfaí é seo a dhéanamh ar chor ar bith gan an tsíol-infheistíocht ó FEÉ, ar bhain riosca leis domsa agus do mo smaointe.

An tOllamh Luke O'Neill


Arna chomhbhunú in 2016 ag an Ollamh Luke O'Neill ag Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta ag Coláiste na Tríonóide, BÁC, agus an Ollamh Matt Cooper, ollamh ceimice ag Ollscoil Queensland, tá maoin intleachtúil na cuideachta bunaithe ar thaighde arna mhaoiniú ag FEE a rinne an tOllamh Luke O'Neill i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Queensland.

Tá dhá dhruga faoi thriail chiniciúil ag Inflazome faoi láthair: Inzomelid, chun galair néaraimheathlúcháin a chóireáil agus Somalix, le haghaidh galair athlastacha in áiteanna eile sa chorp. Leis an éadail déantar fíordhifear leis an bhfionnachtain agus nuálaíocht eolaíochta sa tsochaí, agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí cóireálacha le haghaidh tinnis thromchúiseacha amhail galar Alzheimer, galar Parkinson agus galar cardashoithíoch ar an margadh.

Thiomsaigh Inflazome €55 milliún trí bhabhtaí éagsúla maoinithe ó ionchorpraíodh é. Tá an chuideachta tacaithe ag infheisteoirí caipitil fiontair lena n-áirítear Fountain Healthcare na hÉireann agus an chuideachta cúraim sláinte Novartis i measc cinn eile. Is sampla iontach é den taighde faoi stiúir Imscrúdaitheora a spreagann an geilleagar nuálaíochta.

Tá an tOllamh O'Neill ina shaineolaí domhanda ar imdhíonacht agus athlasadh ó dhúchas. Tá sé liostaithe ag Thompson Reuters/ Clarivates sa chéad 1% de na himdhíoneolaithe is fearr ar domhan, ar bhonn lua in aghaidh an pháipéir. Is é Inflazome an dara cuideachta ina bhfuil trialacha cliniciúla ag an Ollamh O'Neill. Is é comhbhunaitheoir Sitryx chomh maith, a bhfuil sé mar aidhm leis cógais nua a fhorbairt do ghalair athlastacha. [Aithníodh an tOllamh O'Neill in 2020 le Gradam FEE maidir le hÉacht ar son Chumarsáid ETIM](#) agus as an gcion suntasach atá curtha aige le haird a tharraingt ar an eolaíocht agus feasacht an phobail faoin eolaíocht a spreagadh.

▶ [Féach ar an bhfíseán](#)



Tallann agus Scileanna Thar Barr

Forbraíonn, meallann agus coinníonn FEÉ tallann acadúil agus taighde éagsúil a ghríosaíonn sochaí nuálaíochta na hÉireann.

In 2020, tugadh chun suntais le COVID-19 agus leis an athrú aeráide an tábhacht a bhaineann le ról na heolaíochta agus an taighde maidir le feabhas a chur ar ár ndomhan. Tacaíonn FEÉ le hobair taighdeoirí luathchéime, taighdeoirí aonair bunaithe agus comharghrúpaí taighde níos mo, ag infheistiú i dtallann den chéad scoth agus ag cuidiú le hÉirinn bheith ina ceannaire dhomhanda nuálaíochta sa taighde eolaíochta agus innealtóireachta chun geilleagar agus sochaí na hÉireann a chur chun cinn.

Comhoibríonn FEÉ leis an rialtas, leis an tionscal agus le hollscoileanna, ag obair chun buíon tallainne ETIM níos éagsúla a chruthú agus a choimeád atá breá ábalta ár ngeilleagar, agus sochaí níos cothroime agus níos cuimsithí a atógáil, eolas a chruthú agus a chur chun cinn ar féidir a chinntiú leis go mbeimid níos athléimní i leith cur isteach eacnamaíoch agus sochaíoch amach anseo.

5,447

Líon na daoine ag obair ar thionscnaimh arna dtacú ag FEÉ

1,966

Mic léinn (PhD agus Máistreacht) arna dtacú ag FEÉ

37%


Líon na gcáilíochtaí PhD agus Máistreachta ó fhoirne FEÉ a roghnaigh an earnáil thráchtála mar chéad sprioc

574

Faighteoirí Dámhachtana FEÉ

643

Imscrúdaitheoirí arna Maoiniú ag FEÉ



Spotsolas ar:

Clár um Oiliúint Taighde Ionaid Taighde FEÉ

Bunaíodh Clár um Oiliúint Taighde Ionaid Taighde FEÉ chun líon na PhDanna faoin téama ‘Scileanna Sonraí agus TFC don Todhchaí’ a mhéadú.

Cabhróidh sé sin na riachtanais atá ag an earnáil thráchtála maidir le scileanna sonraí a chomhlíonadh, agus tacaíonn sé leo siúd atá díreach tosaithe ina ngairmréim mar thaighdeoirí. Anuas air sin, ullmhú atá ann don iliomad gairme do mhic léinn iarchéime agus éiríonn le 37% acu sin fostaíocht a fháil san earnáil thráchtála. Tugann an múnla cohórt seo tacaíocht shuntasach foghlama idir píaraí do mhic léinn PhD mar aon leis an deis oibriú ar bhonn tras-institiúideach.

Chuir **179 mac léinn** tús lena staidéar PhD in 2020.



41% Líon na mac léinn ar mhná iad



74 Líon na gcomhoibríochtaí a bunaíodh, a raibh **21** acu neamh-acadúil.



Faighimid an-deis ár dtaighde féin a chur i láthair ár bpiaraí chomh maith le foghlaim faoin taighde atá ar siúl ag ár gcomhghleacaithe. Éiríonn linn caidrimh a chothú leis na príomhmaointeoirí ina réimsí féin tríd an rochtain atá againn ar ollscoileanna éagsúla. Tagann comhpháirtithe ón earnáil isteach againn chun labhairt linn faoin gcaoi ar féidir measínfhoghlaim a úsáid san earnáil thráchtála agus faoin gcaoi ar féidir an obair atá idir lámha anois againn dul chun tairbhe na hearnála tar éis dúinn ár gcéimeanna PhD a chríochnú.

Ciara Feely, iarrthóir PhD san Ionad FEÉ d'Oiliúint Taighde i Meaisínfhoghlaim

[Féach ar an bhfíseán](#)

Rinne an Mac Léinn PhD, Lydia King, ag Ionad Taighde FEÉ le haghaidh Oiliúint Taighde ar an Eolaíocht Sonraí Géanómaíochta faoi stiúir OÉ, Gaillimh, [taighde maidir le hanailís ar ghéanóim ailse a fhoilsiú san iris idirnáisiúnta PLOS ONE](#). Sa taighde, a thosaigh le linn staidéar Lydia in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i MSc sa chlár Géanómaíochta Bithleighis, sainaitníodh sainfhreagairt ghéanómaíoch i mná a fhorbraíonn na cineál is coitianta ailse cíche a bhféadfadh baint a bheith aige le fabhmharthain. Rinne Foireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, anailís ar ghéanóim othar ar raibh aille cíche chun gaol le rátaí marthana a chuardach ag baint úsáid as ardteicnící staidrimh. Tugtar chun suntais leis an obair na tairbhí ollmhóra a bhaineann le hoiliúint a chur ar eolaithe idirdhisciplíneacha le scileanna staidrimh agus ríomhaireachta chun léargas bitheolaíoch nua a chruthú ó shonraí géanómaíochta lena bhfuil an acmhainneacht feabhas a chur ar chúram othar.

Dhírigh Foireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar an bhféadfaí faisnéis bhreise a sholáthar trí thomhas foriomlán ar éagobhsaíocht géanóm i gcealla ailse ó othair ionlúmanacha ar a bhfuil ailse cíche, a breithníodh ag an diagnóis agus sular tosaíodh an chóireáil, maidir lena bhfadmharthain a thuar. Chun an hipitéis sin a thástáil, rinne siad anailís ar shonraí ó Chuibhreannas Idirnáisiúnta um Thacsanomaíocht Mhóilíneach (METABRIC) faoi stiúir Ollscoil Cambridge.

Rinne Lydia agus a comhghleacaithe le haghaidh na héagobhsaíochta géanóm i 2,000 géanóm othair a ríomh, ansin d'úsáid siad samhaltú staidrimh il-inathraitheach chun torthaí sainiúla fadmharthana le haghaidh othar ar a bhfuil ailse cíche fochineáil a shainaitint. Chuir sé sin ar a gcumas na prognóisí i bhfad níos measa a dheimhniú d'othair ionlúmanacha atá ag fulaingt na leibhéal is nó éagobhsaíochta géanóm ina mbithóipsí mill. Tugtar “beachtleigheas nó leigheas géanóm” agus an gcur chuige sin maidir le hanailís ghéanómaíoch a úsáid agus tá sé ag cuidiú le caighdeán nua cúraim a shainiú i lear mór réimsí den chleachtas cliniciúil.



Iarrthóir PhD Lydia King ina éineacht lena máthair Clarissa King, a mbíonn an bheirt acu ag déanamh rití urraithe do charthanais ailse brollaigh. Grianghraf: Lydia King.



Clár Ollúnachta Taighde FEÉ

Earcaítear eolaithe agus innealtóirí den chéad scoth faoin gClár Ollúnachta Taighde FEÉ chun an bonn taighde náisiúnta a thógail agus cur le cáil na hÉireann mar áit fheiliúnach chun taighde ar ardchaighdeán agus ar ardtionchar a dhéanamh. Earcaíodh an tOllamh Jens Walter ó Ollscoil Alberta i gCeanada in 2020 le bheith i gceannas ar chlár taighde ar ghalair ainsealacha arbh fiú €3.7 milliún é in APC Microbiome Ireland atá lonnaithe san Ionad Taighde FEÉ i Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Liostaíodh an tOllamh Walter le déanaí mar dhuine de na heolaithe is mó tionchair ar domhan ar Liosta na dTaighdeoirí a Luaitear go Minic, agus tá sé chun foireann taighdeoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta a chur ar bun óna lárionad taighde ag APC chun staidéar a dhéanamh ar an tionchar atá ag stíl mhaireachtála nua-aimseartha ar mhicribhithóm na putóige, agus ar an ngaol atá aici le minicíocht galar ainsealach, ar minicíocht í atá ag ardú. Bainfear úsáid as an maoiniú seo chomh maith chun tacú le naoi bpost taighde eile.



An tOllamh Taighde mór le rá FEÉ Jens Walter i COC.

Staidéar ar Phlaistigh san Aigéan

Tháinig sé chun solais i staidéar ar tugadh faoi de bhun tionscadal arna mhaoiniú ag an FEÉ faoi theicneolaíochtaí a úsáid chun bithghilleagar inbhuanaithe a thógáil in Éirinn agus arb é an tOllamh Taighde FEÉ Piet Lens in OÉ Gaillimh a bhí á stiúradh [nár athchúrsáladh suas le 31% de na plaistigh a easportáladh le haghaidh a n-athchúrsála](#) agus go bhfuil plaistigh ón Eoraip ar le haghaidh athchúrsála iad á ndumpáil in uisce na hÁise. Tarraingíonn an staidéar aird a laghad sonraí atá ann maidir le dramhaíl phlaisteach, agus ar an ngá breithniú a dhéanamh ar rianta iniúchta breisithe mar chuid de na rialacháin atá ag teacht chun cinn faoin trádáil i ndramhaíl phlaisteach.

FEÉ ag Tacú le Ceannairí Taighde atá ag teacht chun cinn




Tá an Dr Norma Bargary (Ollscoil Luimnigh), a fuair ceann de dhámhachtainí an FEÉ faoin gclár Frontiers, i mbun algartaim nua a fhorbairt le go n-uasmhéadófar na tairbhí atá le baint as sonraí ó bhraiteoirí, amháin na sonraí a bhailítear ó ghléasanna leighis agus inchaite.

Lainseáil an FEÉ an Clár [Frontiers for the Future](#) chun tacú le taighde atá faoi stiúir ag duine amháin agus ina leagtar béim ar réimsí a mbaineann ardrioscaí leo ach a bhféadfadh ardluaíocht a bheith ag baint leo. D'fhéadfadh a leithéid de thaighde cabhrú linn sa todhchaí in Éirinn trí fhionnachtain, nuálaíocht agus tionchar.

Tá an clár seo á réachtáil i gcomhar le [Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann \(GSI\)](#) agus an [Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil \(EPA\)](#) agus dearadh é i bhfianaise an aiseolais a fuarthas ón bpobal taighde inar tugadh le fios go rabhthas ag iarraidh maoiniú do thaighde faoi stiúir duine amháin, agus do thionscadail níos gearrthearmaí.

Fógraíodh na chéad dámhachtana Frontier a raibh 72 acu ann san iomlán agus arbh fhiú infheistíocht de €52 milliún iad. Tacaíonn siad le taighde i réimsí cosúil le gortú an chorda dromlaigh, ábhair úrnua, bithéagsúlacht speiceas i dtáirgeadh bia, grafaicí ríomhaireachta agus slándáil faisnéise. Féachadh leis an gclár nua ardiomaíocht seo a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíocht inscne, ag teacht le Straitéis Inscne an FEÉ, agus tá taighdeoirí mná le bheith i gceannas ar 45% de na deontais taighde a bhronnfar. Cuireann sé tacaíocht ar fáil d'imscrúdaitheoirí atá ag teacht chun cinn chomh maith leo siúd atá ag filleadh ar thaighde tar éis tréimhse saoire.



Fócas ar:



► *Dr Boris Galkin, comhalta taighde in Ionad Taighde CONNECT FEÉ i gColáiste na Tríonóide.*

Comhaltacht Seirbise Poiblí FEÉ


Tugadh amach 12 dámhachtain airgid in 2020 faoin gClár Comhaltachta Seirbhíse Poiblí FEÉ, arb ionann iad agus infheistíocht de €699,000, chun cion tairbhe a dhéanamh do chuspóir an Rialtais cultúr na nuálaíochta a chur chun cinn trí chomhoibriú, malartú eolais agus forbairt réitigh atá bunaithe ar shonraí agus ar fhianaise.

D'oibrigh FEÉ le Ranna Rialtais eile chun taighdeoirí a chur ag obair i réimsí ina mbeidh siad in ann dianeolas teicniúil a chur ar fáil don tSeirbhís Phoiblí chun go gcuirfead feabhas ar sheachadadh seirbhíse agus bonn eolais faoin gceapadh polasaithe. Áirítear leo siúd an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Seirbhís Leabharlainne agus Taighde Thithe an Oireachtais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Tabharfaidh taighdeoirí ó Ollscoil Luimnigh, COBÁC, COC, Coláiste na Tríonóide, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RSCI) agus OÉ Gaillimh faoi thaighde comhoibríoch i réimsí cosúil le teicneolaíocht bhlocshlabhra, rioscaí do bhia atá ag teacht chun cinn a bhraith, tionchar an tionscnaimh sonraí oscailte mar aon le tionchar theicneolaíochtaí nua agus iad siúd atá ag teacht chun cinn a thomhas, ar feadh tréimhsí idir trí mhí agus 24 mhí.


Tá tuarascáil curtha i dtoll a chéile don Oireachtas ag duine de na taighdeoirí, an Dr Rónán Kennedy, OÉ Gaillimh, [ina ndéanann sé imscrúdú ar thionchar an athraithe teicneolaíochta ar an earnáil dlí](#), agus cuirtear ar an airdeall muid sa tuarascáil sin go bhféadfaí bogearraí intleachta saorga (AI) a dheartar chun an córas dlí a dhéanamh níos éifeachtaí “foghlaim” an chaoi idirdhealú a dhéanamh ar bhealaí mídhleathacha agus iad ag díriú ar thréithe an duine a dhéanann ionadaíocht ar aicme shóisialta, cine nó inscne.

Fostaíodh an Dr Boris Galkin, comhalta taighde in Ionad Taighde CONNECT FEÉ do Líonraí an Todhchaí i TCD laistigh de Sheirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais chun taighde a dhéanamh do thuarascáil a dhéanfaidh imscrúdú ar [na himpleachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus eiticiúla a bhaineann le feithiclí gan pháilóta san aer cosúil le dróin](#) agus ar a iomadúla atá siad anois in earnáil na dtomhaltóirí agus san earnáil thráchtála.



Oideachais agus Rannpháirtíocht Phoiblí

Cuireann an FEÉ a bhfuil bainte amach ag an earnáil eolaíochta in Éirinn ar taispeáint don phobal le go dtuigfí a luachmhaire atá sí don gheilleagar agus don tsochaí. Agus pobal na hÉireann ag dul i dtraithí ar phaindéim COVID-19 in 2020, ba léir dúinn ar fad a thábhachtaí is a bhí sé eolas eolaíochta a chur ar fáil don phobal ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe. D'imir an t-eolas sin tionchar ar an saol, ar ár sláinte, ar dteaghlaigh agus ar an todhchaí.



Glacann dalta páirt i saotharlann ar líne an Dr Dan Nickstrom ar Lá Fionnachtana Digití na Féile Eolaíochta Lár Tíre 2020.

Thug an FEÉ tacaíocht do thionscadail rannpháirtíochta STEM i rith 2020, agus rinne sé iad a sheachadadh, arb iad an aidhm a bhí acu litearthacht agus muinín eolaíochta a chothú i measc mhuintir na hÉireann le go bhféadfaí iad a bheith curtha ar an eolas agus le go mbeadh ionchur acu i ndáil leis na dúshláin atá romhainn mar shochaí. Thug an FEÉ tacaíocht do sheachadadh digiteach na rannpháirtíochta sin le cinntiú go bhféadfadh na comhráití tábhachtacha sin a bheith againn i gcomhthéacs na srianta leanúnacha, agus rinne sé éascaíocht dó sin trí shíneadh ama a chur le spriocanna agus trí thacaíochtaí breise a chur ar fáil do thionscadail nuair ba ghá.

- ▶ Infheistíodh **€5.4 milliún** i **50 tionscnamh STEM** trí ghairm Chlár Fionnachtana FEÉ.
- ▶ **2,262 gníomhaíocht EPE** seachadta ag taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ.
- ▶ **Fuair 331 bunscoil** gradam FEÉ don Eolaíocht agus Mata Bunscoile.
- ▶ Cuireadh oiliúint forbartha gairmiúla leanúnaí ar 1,457 múinteoir ó 138 bunscoil trí chlár DPSM/ na hOifige Eorpaí um Acmhainní Oideachais Spástaistil arna thacú ag FEÉ.
- ▶ **D'fhreastal níos mó ná 3,000 daltaí sinsearacha** ar na Taispeántais Bóthair a réachtáladh chun eolas a chur ar fáil faoi ghairmréimeanna in Earnáil an Spáis.



Sa phictiúr (c-d): Lola Jordan ó Chraobh Sinsearach Tivoli agus Issy Jordan, Brigíní Tivoli, Dún Laoghaire, ag ócáid sheolta shuaitheantas Spáis Brigíní na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2020.


Suaitheantas Spáis Brigíní na hÉireann

Chuaigh ESERO Ireland, FEÉ agus Réadlann Chaisleán na Dúcharrage i bpáirt le Brigíní na hÉireann chun a suaitheantas Spáis a lainseáil i rith an tSeachtain Spáis 2020. Is í an Dr Niamh Shaw, cumarsáidí eolaíochta agus spáis, a stiúir an tionscadal, i ndiaidh di tréimhse a chaitheamh mar Ambasadóir do Bhrigíní na hÉireann.

D'oibrigh Niamh le Réadlann Chaisleán na Dúcharrage chun gníomhaíochtaí Spáis a fhorbairt a thacóidh leis na cailíní a Suaitheantais Spáis a ghnóthú agus a scileanna eolaíochta a fhorbairt, cosúil le fadhbréiteach, obair foirne agus cruthaitheacht.



An láithreoir eolaíochta, Phil Smyth, ag an quiz eolaíochta do theaghlaigh.



Fócas ar:



▼
Liz Bonnin agus an tOllamh Luke O'Neill ag cur Future Island Live i láthair i rith Seachtain Eolaíochta 2020.

Ag ceiliúradh 25 bliain den tSeachtain Eolaíochta

Agus í á seachadadh i gcomhthéacs úrnuá sochaíoch agus teicneolaíochta, rinne an tSeachtain Eolaíochta ceiliúradh ar an eolaíocht a chur inár láthair sa saol laethúil le 25 bliain.


Cuireadh tús leis an tSeachtain Eolaíochta mar thionscnamh píolótach beag in 1995, arbh é Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath a bhí taobh thiar de agus arbh é Forfás a rinne forbairt air ina dhiaidh sin. Is é an FEÉ atá á chomhordú ó 2012 (nuair a tugadh Discover Science and Engineering isteach faoi choimirce an FEÉ), agus aithnítear anois í mar phríomhfheithicil do ghníomhaíochtaí STEM sna réigiúin agus tacaítear léi trí fheachtas poiblíochta náisiúnta. Nuair a cuireadh tús leis an tSeachtain Eolaíochta bhí 50 imeacht ann—tá níos mó ná 2,000 imeacht in 2020. Tugann an tSeachtain cheiliúrtha seo ar rannpháirtíocht STEM leis an bpobal deis don phobal ábharthacht STEM sa saol laethúil a fheiceáil agus déanann sé rannpháirtíocht an phobail le STEM a leathnú.

An téama a bhí ag Seachtain Eolaíochta 2020 ná Ár dTodhchaí a Roghnú. Imreoidh go leor de na roghanna a dhéanfaimid inniu faoin ngnáthsaol tionchar ar an gcultúr agus ar an tsochaí san am atá le teacht. Rinneadh an tSeachtain Eolaíochta a sheachadadh go digiteach den chéad uair i gcomhthéacs na bearta sláinte poiblí a tugadh isteach mar gheall ar COVID-19. I measc na n-imeachtaí a reáchtáladh, bhí comhdháil fhíorúil do dhaltaí meánscoile ag ASPIRE with ABBOTT, laethanta fíorúla teaghlaigh ar fud na tíre, quizeanna beoshruitha le ceisteanna faoin eolaíocht, agus comhrá fíorúil faoin tuiscint atá ag an bpobal ar shláinte na mban.

Tugadh maoiniú do 13 fhéile réigiúnacha faoi Ghairm Mhaoinithe na Seachtaine Eolaíochta faoin gClár FEÉ Discover, agus reáchtáladh ócáidí dá bharr sa réigiún Lár Tíre, sa réigiún Thoir-Theas, Loch Garman, Cill Chainnigh, Corcaigh, Cabhán-Muineachán, Sligeach, Gaillimh, Luimneach, Tiobraid Árann, Ciarraí, Maigh Eo agus ag suíomhanna Teagasc ag an bhFéile Feirmeoireachta agus Bia.

Mar chuid de chomhthionscadal FEÉ-RTÉ, chuir Liz Bonnin agus an tOllamh Luke O'Neill Future Island Live i láthair i rith Seachtain Eolaíochta 2020, agus d'éirigh leis an gclár níos mó ná 1.1 milliún de lucht féachana a aimsiú thar thrí eagrán uair an chloig. Bhí daoine aitheanta ar an gclár agus rinneadh cíoradh ar an eolaíocht atá taobh thiar de thrí théama éagsúla: sláinte, maoin agus sonas.

Tá an tSeachtain Eolaíochta ar an bhfód le 25 bliain anois agus ar ndóigh bhí ceann na bliana 2020 éagsúil ó bhliain ar bith eile sa mhéid is gur cuireadh STEM i láthair go fíorúil agus an pobal ag iarraidh dul i muinín na heolaíochta chun tuiscint a fháil ar an bpaindéim. Ceann de na buntáistí a bhain leis an seachadadh digiteach gur chabhraigh sé na constaicí a d'fhéadfadh a bheith roimh rannpháirtíocht ghrúpaí áirithe sa tSeachtain Eolaíochta sna blianta roimhe sin a sháru. Bíodh is go bhfuilimid ag súil go gceiliúrfaí an eolaíocht i gcomhlúadar a chéile go fisiciúil sa todhchaí, beidh gníomhaíochtaí ar líne ina ngné bhunúsach den tSeachtain Eolaíochta sa todhchaí.



Lorg Domhanda

Lean an FEÉ ag cothú na naisc láidre atá againn ar fud an domhain le gníomhaireachtaí maoinithe idirnáisiúnta, chomh maith le deiseanna nua comhoibríthe a lorg.


- ▶ Léiríonn na comhpháirtíochtaí éagsúla sin a láidre is atá an cháil fiontraíochta agus taighde atá orainn, agus seasfaidh an cháil sin linn agus an geilleagar á atógáil tar éis na paindéime.
- ▶ Tá rochtain dhomhanda fhairsing ag comhoibríthe idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann: An Eoraip (**67%**), Meiriceá Thuaidh (**18%**), An Áise (**9%**), An Astráil agus an Aigéine (**3%**), Meiriceá Theas agus Láir (**2%**) agus an Meán-Oirthear, An Afraic Thuaidh agus an Araib (**1%**).

7,712



líon na gcomhoibríochtaí adacúla-acadúla a thuairiscigh taighdeoirí FEÉ. Ba le comhpháirtithe idirnáisiúnta **72%** acu.

50%




Bhí 11% den chomhoibríú neamhacadúil le comhpháirtithe lasmuigh d'Éirinn – **11%** díobh leis na Stáit Aontaithe, **10%** díobh leis an Ríocht Aontaithe agus **29%** díobh le tíortha eile.

532



Bhí baint as taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ, nó d'eagraigh siad, **532** comhdháil fhíorúil STEM

Comhoibríú Acadúil Idirnáisiúnta 2020




Comhoibriú Acadúil Idirnáisiúnta 2020 de réir na Tíre

An Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann san áireamh)	1006
Stáit Aontaithe Mheiriceá	883
An Ghearmáin	513
An Fhrainc	331
An Spáinn	306
An Iodáil	281
An Ísiltír	217
Tuaisceart Éireann	213
An tSualainn	148
An tSín	146
An Astráil	133
Ceanada	127
An Eilvéis	113
An Bheilg	101
An Danmhairg	99
An Ostair	71
An Phortaingéil	69
An Bhrasail	51
An Fhionlainn	51
An India	50
An Pholainn	46
An Ghréig	42
An Iorua	41
An tSeapáin	39
An Nua-Shéalainn	36
Iosrael	27
Cónaidhm na Rúise	26
Poblacht na Seice	24
An Tuirc	22
Singeapór	21
An Ungáir	18
An Chóiré Theas (Poblacht Chóire)	17
An Afraic Theas	14
An Araib Shádach	14

An tSile	12
An Iaráin (Poblacht Ioslamach)	11
Lucsamburg	11
An tSlóivéin	10
An tSlóvaic	9
An Téaváin, Cúige na Síne	8
An Airgintín	8
An Rómáin	8
Vítneam	7
An Phacastáin	7
An Chipir	7
An Chróit	6
Catar	6
Meicsiceo	6
An Chasacstáin	6
An Liobáin	6
An Laitvia	5
An Eastóin	5
An Téalainn	5
Hong Cong	5
An tSeirbia	5
An Liotuáin	4
An Úcráin	4
An Cholóim	4
An Mhalaeisia	3
An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	3
Málta	3
Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha	3
An Nigéir	3
An Éigipt	3
Srí Lanca	3
Puerto Rico	3
Oileán Mhuirís	2

An Chéinia	2
An Íoslainn	2
An Túinéis	2
Macao	2
Uganda	2
An Bhulgáir	2
Cuáit	2
Fidsí	2
An tSuasalainn	1
An Ailgéir	1
An Bhealarúis	1
An Airméin	1
An Bhanglaidéis	1
An Mhaláiv	1
An Mhongóil	1
Maracó	1
Cúba	1
Buircíne Fasó	1
Iomlán	5,513



Clár SAM-Éire de chuid FEÉ

Bronnadh deich ndámhachtain maoinithe in 2020, a raibh comhinfheistíocht €23 milliún i gceist leo trí chomhpháirtíocht thríthaobhach taighde agus forbartha idir Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM), Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann (TÉ), ar infheistíocht í a thacóidh le níos mó ná 100 post taighde i 20 institiúid taighde ar feadh tréimhsí idir trí agus cúig bliana.

Seoladh Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM-Éire i mí Iúil 2006. Tionscnamh faoi leith atá i gceist sa mhéid is go bhféachann sé leis an leibhéal comhoibríthe taighde agus forbartha idir taighdeoirí agus proifisiúnaigh san earnáil a mhéadú sna trí dháilínse trí chéile.


Is iad na gníomhaireachtaí comhpháirtíochta i bPoblacht na hÉireann, an Bord Taighde Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. D'éascaigh Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta, Institiúidí Náisiúnta Sláinte SMA agus an Institiúid Náisiúnta Bia agus Talmhaíochta, laistigh de Roinn Talmhaíochta SMA in SMA é.

Is iad comhpháirtithe Thuaisceart Éireann Rannóg Taighde & Forbartha Sláinte agus Cúram Sóisialta na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí, Roinn an Gheilleagair agus an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe.

Bronnadh deich ndámhachtain maoinithe a raibh comhinfheistíocht

€23 milliún

i gceist leo trí chomhpháirtíocht taighde agus forbartha thríthaobhach




Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ

Bronnadh Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig FEÉ ar an Ollamh Neville J Hogan, Ollamh Sun Jae le hInnealtóireacht Mheicniúil agus Ollamh le hEolaíochtaí Inchinne agus Cognaíochta san Massachusetts Institute of Technology (MIT), agus ar an Dr Ann B Kelleher, Leas-Uachtarán Sinsearach agus Bainisteoir Ginearálta ag Intel, ag ócáid in Washington D.C. SAM

Tugann an Bonn seo aitheantas d'eolaithe, innealtóirí nó ceannairí teicneolaíochta clúiteacha atá ag cur fúthu i Meiriceá nó ag obair ann as an gcion tairbhe suntasach atá déanta acu don saol acadúil agus don earnáil thráchtáil.



Comhpháirtíochtaí na Ríochta Aontaithe



Lean an FEÉ ag obair i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí taighde sa Ríocht Aontaithe i rith na bliana 2020 chun an sprioc chomhpháirteach atá againn a bhaint amach, mar atá, tacú le taighde thar teorainneacha agus comhoibríochtaí taighde déthaobhacha a láidir. Tá iarrachtaí leanúnacha ar bun ag an FEÉ le ranna Rialtais ar an dá thaobh den teorainn chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá tagtha chun cinn mar thoradh ar imeacht na Breataine ón AE, ar dúshláin iad a imríonn tionchar ar an bpobal taighde agus a chruthaíonn deiseanna do chomhpháirtíochtaí taighde, agus d'infheistíocht agus poist a rachaidh chun tairbhe an phobail trí chéile.


Bronnadh sé dhámhachtain maoinithe faoin gClár Taighde Cómhainithe de chuid na Comhairle Taighde Innealtóireachta agus Eolaíochtaí Fisiciúla (EPSRC) agus an FEÉ agus áiríodh leis sin infheistíocht €2.1 milliún do thaighdeoirí atá lonnaithe in OÉ Gaillimh, Coláiste na Tríonóide, COBÁC agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh. Tacóidh sé seo le taighde ar bhraiteoirí comhshaoil, teicneolaíochtaí candamacha, réaltacht fhíorúil agus bhreisthe, córais fuinnimh agus criptea-airgeadraí. Áireofar chomh maith innealtóireacht cheimiceach ag obair i dtreo córais fuinnimh a dhíchárbónú agus eolaíocht na n-ábhar agus leictreonaice ag féachaint le foinsí fuinnimh nua a fhorbairt do ghléasanna inchaite.

Bronnadh ceithre dhámhachtain trí 2>Chlár Comhaltachta Taighde Ollscoile an Chumainn Ríoga-FEÉ, arbh fhiú €1.8 milliún an tsuim a infheistíodh. Bronnadh Comhaltachtaí Taighde Ollscoile an Chumainn Ríoga-FEÉ den dara huair ar an Dr Lynette Keeney ag Institiúid Náisiúnta Tyndall agus ar an Dr Pauline Scanlan ó Ionad Taighde FEÉ APC Microbiome Ireland as ucht a rathúla is a bhí an obair a chuir siad i gcrích maidir le stóráil sonraí dianteicneolaíochta agus taighde in eolaíochtaí micribhithíom faoi seach, ar obair den chéad scoth a bhí inti.

Tugann Scéim Chomhaltachtaí Taighde Ollscoile an Chumainn Ríoga-FEÉ [deis do thaighdeoirí luathghairme tréimhsí ama flaithiúla chun a réimse taighde féin a fhorbairt agus a ngairmréimeanna féin a thógáil ag uair dá saol nuair atá leanaí óga go leor acu.](#)



An Dr Lynette Keeney, Institiúid Náisiúnta Tyndall agus an Dr Pauline Scanlan, Ionad Taighde FEÉ APC Microbiome Ireland.




Dr Andrey Shkoporov, COC.

Comhaltacht Taighde Forbartha Gairmréime Wellcome Trust

Bronnadh Comhaltacht Taighde Forbartha Gairmréime Wellcome Trust ar an Dr Andrey Shkoporov, Ionad Taighde FEÉ APC Microbiome Ireland i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, arbh fhiú €910,000 é thar thréimhse cúig bliana chun tuiscint níos fearr a fháil ar víris putóige.

£1.6 milliún Bronnta ar Chuibhreannas Ríochta Aontaithe-Éireann

Bronnadh [£1.6 milliún ar Chuibhreannas Ríochta Aontaithe-Éireann darbh ainm QuamNess chun imscrúdú a dhéanamh ar theirmidinimic meaisíní agus teicneolaíochtaí candamacha](#) tríd an dámhachtain EPSRC-FEÉ do thaighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (QUB) agus Ollscoil Bristol. Tá féidearthachtaí ag an taighde seo bealaí ardéifeachtacha a aimsiú chun cumhacht a ghiniúint, sruthanna teasa a bhainistiú agus fuinneamh caite a aisghabháil as teicneolaíochtaí éagsúla, mar shampla micreaphróiseálaithe nó imoibríthe ceimiceacha.



Fócas ar:



European Research Council
Established by the European Commission

Líon na spríocanna ERC a seachadadh go rathúil

Agus clabhsúr á chur ar Horizon 2020, ochtú creatchlár an Aontais Eorpaigh don taighde agus nuálaíocht, tá an méid maoinithe is mó ariamh bainte anuas ag Éirinn ó chreat maoinithe na hEorpa agus corradh agus €1 billiún faighte idir an earnáil acadúil agus thráchtála.

Bhí ról suntasach ag an gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) in a rathúla is a bhí Éire. Bhí buiseád €13.1 billiún aici agus ba é an ról a bhí ag an gComhairle tacú le buntaighde úrnua a mbeadh barr feabhais amháin an tsilat tomhais.

Clúdaíonn an ERC gach disciplín agus céim gairmréime tríd an tsraith clár atá aici: I measc na ndámhachtainí clúiteacha ar féidir le taighdeoir a ghnóthú tá dámhachtain an Tosaitheora, dámhachtain an Daingnithe, an Ard-Dámhachtain, Cruthúnas Coincheapa agus Sineirge. Leag Éire sprioc náisiúnta síos go mbainfí anuas €100 milliún ón ERC thar shaolré an chreata maoinithe, agus go mbeifí ag dréim le €125 milliún más féidir. Tá an sprioc uailmhianach sin sáraithe ag Éire agus beagnach €160 milliún bainte anuas aici, ar figiúr é sin nach rabhamar ag súil leis, agus torthaí an Ard-Dámhachtana 2020 le fógairt i gcónaí.

Feidhmíonn an FEÉ agus an IRC mar Phointí Teagmhála Náisiúnta (NCP) don chlár ERC in Éirinn, áit ar féidir le hiarrthóirí eolas agus tacaíocht a fháil. Tugann Enterprise Ireland tacaíocht airgid chomh maith agus tá an láithreán gréasáin Horizon 2020 á óstáil acu, áit a bhfuil buneolas faoi mhaoiniú ó fhoinsí Eorpacha.


D'éirigh le ceathrar taighdeoirí atá lonnaithe in Éirinn i gcomórtas ERC 2019 do na hArd-Dámhachtainí in 2020, agus beirt acu sin ag obair in Ollscoil Luimnigh: Na hOllúna Orla Muldoon agus Michael Zaworotko; an tOllamh Dan Bradley, Coláiste na Tríonóide agus an tOllamh Geraldine Meaney, COBÁC. D'éirigh go maith le hÉire chomh maith sa ghairm do Dhámhachtainí an Tosaitheora, agus bronnadh maoiniú ar an Dr Alessandro Lunghi agus an Dr Claire Gillan, Coláiste na Tríonóide; an Dr Lorna Lopez, Ollscoil Má Nuad agus an Dr David Courtney, COBÁC atá lonnaithe in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste anois. Bronnadh ocht nDámhachtain Daingnithe chomh maith: An Dr Padraig Cantillon-Murphy, an Dr Andrey Shkoporov agus an tOllamh Maria McNamara, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; an Dr David O'Shaughnessy, an Dr Thomas Chadeaux, an Dr Marcus Collier, agus an Dr Stephen Dooley, Coláiste na Tríonóide; agus an Dr Anne O'Connor, OÉ Gaillimh.

Reáchtáil an FEÉ Fóram Náisiúnta Tacaíochta agus Eolais ERC i mí Mheán Fómhair 2020 i gcomhpháirt leis an IRC agus le tacaíocht ó Enterprise Ireland. Ba é aidhm an fhóram feasacht a mhúscailt faoi chomórtas maoinithe an ERC agus tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil d'iaratasóirí féideartha agus do bhaill foirne in Oifigí Taighde. I measc na gcainteoirí a labhair ag an bhfóram bhí an tAire Simon Harris TD, Uachtarán Eatraimh an ERC, an tOllamh Jean-Pierre Bourguignon mar aon le heolaithe cosúil leis na hOllúna Luke O'Neill, Valeria Nicolosi, Geraldine Meaney, Dan Bradley, Mike Zaworotko, Mary Cannon agus Peter Kennedy.

Ba é seo an chéad uair riamh a reáchtáil an ERC fóram idirghníomhaireachta ar líne, agus chláraigh níos mó ná 870 rannpháirtí thar an dá lá. Thagair Gníomhaireacht Feidhmiúcháin an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERCEA) don ócáid mar cheann de na himeachtaí tacaíochta ERC is mó dá raibh ann go dtí seo.



► Bronnadh dámhachtain ar an Dr Lorna Lopez, Ollamh Comhlach in Ollscoil Má Nuad, i bhfoirm Deontais Taighde FEÉ don Tosaitheoir, agus ina dhiaidh sin fuair sí an Deontas Tosaitheora ón ERC.



FEÉ ag Cur Iomaíochais Chun Cinn

Tír iomaíoch, nuálaíoch í Éire agus tá uailmhian aici a bheith ar thús cadhnaíochta ar bhonn domhanda maidir le nuálaíocht.

Féachann an FEÉ le caidrimh a chothú idir an earnáil acadúil agus an earnáil thionsclaíoch trí comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chur ar bun leis an earnáil thionsclaíoch chun taighde STEM ceannródaíoch a dhéanamh a bhfuil bonn eolais faighte aige ón earnáil, rud a fhágfaidh go gcuirfear lenár mbuntáiste iomaíoch agus lenár dteacht aniar. An toradh atá ar an dul chun cinn eolaíoch a tharlaíonn mar thoradh ar mhaoiniú ón FEÉ ná go gcuirtear táirgí, nuálaíochtaí agus seirbhísí ar fáil, go mbunaítear comhlachtaí nua, agus mac-chomhlachtaí agus go soláthraítear poist ar ardchaighdeán. Cabhraíonn an FEÉ le hÉire dul in iomaíocht ar bhonn domhanda tríd an gcáil atá orainn maidir le taighde a chothú, agus trí thacú le mic léinn iarchéime a bhfuil ardoiliúint orthu agus iad i mbun aistrithe ón saol acadúil go dtí an earnáil thráchtala.

Comhoibriú Neamhadúil

2,951 comhpháirtíochtaí tionscail

2,270 comhlacht ar leith

1,571 comhpháirtíochtaí tionscail le comparáidí ilnáisiúnta

1,380 comhpháirtíochtaí tionscail le SMEnna

Eolaíocht agus Tráchtálú

D'éirigh le taighdeoirí a fuair maoiniú ó FEÉ an méid seo a chur i gcrích:

- ▶ **9** mac-chuideachta
- ▶ **97** paitinn comhdaithe
- ▶ **48** paitinn bronnta
- ▶ **57** teicneolaíocht ceadúnaithe
- ▶ **220** aireagán nocht

Clár Comhpháirtíochta Straitéiseach an SFI




Teicneolaíocht Intleachta Saorga Microsoft Terrain i mbun feidhme.

Infheistíodh €8.5 milliún in 2020 i dtrí dhámhachtain faoi [Chlár Comhpháirtíochta Straitéiseach an FEÉ](#). Is meicníocht sholúbtha an Clár do thaighdeoirí acadúla comhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil sa mhéid is go ndéantar cómhaoiniú suntasacha a mheaitseáil ag comhlacht, gníomhaireacht mhaoinithe, carthanas, eagraíocht dhaonchairdiúil nó Institiúid Ardoideachais, nó meascán díobh. An aidhm atá aige tacú le tionscnaimh aonair a mbaineann barainneachtaí scála leo agus a bhfuil acmhainn láidir acu dul chun leas eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann.

Tháinig roinnt tionscadal thar a bheith láidir ar an bhfód in 2020 agus áiríodh leo sin [tionscnamh taighde €5 milliún dar teideal Terrain-AI, arb iad Microsoft Ireland](#) agus an FEÉ a chuaigh i bpáirt chun é a bhunú.

Baineann an tionscnamh úsáid as na teicneolaíochtaí braite ilmhódacha is nua, gléasanna Idirlión na hEarraí (IoT) agus Microsoft Azure Cloud agus baileoidh sé sonraí ar ardchaighdeán chun creat múnlaíthe a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoi pholasaithe níos éifeachtaí chun astuithe carbón a laghdú. Cabhróidh sé linn chomh maith bonn eolais a chur faoi chleachtais úsáide talún le go mbeifí in ann aschuir carbóin a laghdú sa todhchaí. I measc na gcleachtais a bheadh i gceist leis sin bheadh feirmeoireacht bheacht, ceapadh carbóin ar thailte féaraigh, cuir chuige nua d'iompar poiblí agus fiú crainn a chur i limistéir chathrach. Cuirfidh sé sin ar chumas na sochaí cinntí eolasacha a dhéanamh faoin gcaoi a ndéanfaimid an aeráid agus an comhshaol a bhainistiú. Is é an Dr Rowan Fealy agus an Dr Tim McCarthy, Ollscoil Má Nuad, a bheidh i gceannas ar an tionscadal i gcomhpháirt le fiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEnna), gníomhaireachtaí Rialtais, Teagasc, Coláiste na Tríonóide, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh.

Bronnadh có-mhaoiniú €800,000 chomh maith ar bhonn 50:50 do [tionscnamh taighde aistrithigh faoin ailse darbh ainm ACORN](#) ar Puma Biotechnology, Inc. agus ar an Institiúid Náisiúnta um Biteicneolaíocht Cheallach (NICB) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath trí Dhámhachtain Chomhpháirtíochtaí Straitéiseacha FEÉ. Déanfar taighde faoin tionscnamh ar éifeacht an druga neratinib chun cóireáil a chur orthu siúd a bhfuil ailse brollaigh HER2+ orthu, chomh maith lena n-úsáid fhéideartha le cineálacha eile ailse. Is iad an tOllamh John Crown agus an Dr Denis Collins atá i mbun stiúrtha an tionscnaimh ACORN agus an aidhm atá ag an tionscnamh scileanna taighde maidir le hailse a chur chun cinn in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus fianaise nua a thabhairt ar aghaidh chuig trialacha cliniciúla a rachaidh chun tairbhe othar a bhfuil ailse orthu in Éirinn agus ar fud an domhain.



Fócas ar:

Maoiniú do Ghradam Nuálaí an Todhchaí

Cur chuige maoinithe uailmhianach atá dírithe ar réitigh is ea clár maoinithe Dúshlán-bunaithe an FEÉ. Baineann an clár úsáid as duaiseanna, foirne éagsúla agus as maoiniú iomaíoch, laistigh de sprioc ama sainiúil, chun dlús a chur le gníomhaíochtaí taighde a thabharfaidh aghaidh ar fhadhbanna na sochaí.

Sampla maith d'fhadhbréiteach tras-rialtais is ea Gradam Nuálaí an Todhchaí, ar dearadh é chun éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt réitigh bhunathraitheacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra atá roimh an tsochaí. Clár 12 mhí atá i gceist agus i rith na tréimhse sin téann foirne ildisciplíneacha in iomaíocht don ghradam mór ag an deireadh le go mbeidh siad in ann feabhas a chur leis an réiteach atá forbartha acu agus a chur chun feidhme.

Tá an FEÉ ag obair chun comhpháirtíochtaí bríocha a fhorbairt le ranna Rialtais chun réitigh STEM a fhorbairt do na dúshláin atá roimh an tsochaí. Thug an FEÉ tacaíocht do ghairmeacha maoinithe in 2020 bunaithe ar dhúshlán le go rachfaí i ngleic le mórdhúshlán na sochaí maidir le hathrú na haeráide, inbhuanaitheacht agus úsáid fhreagrach sonraí agus na hintleachta saorga (AI). Áirítear leo sin ceithre thionscadal ata á gcó-mhaoiniú ag an [Roinn Gnóthaí Eachtracha](#):

I réimse [na hintleachta Saorga \(AI\) ar Mhaithe leis an tSochaí](#), tá an tionscnamh GreenWatch, faoi stiúir Andreas Hoepner in COBÁC, ag forbairt córas próiseála meaisínfhoghlama/teanga nádúrtha chun 'eachtraí an tsnasa ghlaise' i ndáil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) a aithint. I réimse na hintleachta Saorga chomh maith, tá Aaron Golden in OÉ Gaillimh ag stiúradh tionscnamh ar a dtugtar Dul Chun Cinn Oiriúnaithe a Thraiceáil sa Talmhaíocht agus i Slándáil Bhia (TAPAS). Féachann an tionscnamh seo le cur ar chumas tíortha tearcfhorbartha an t-oiriúnú don athrú aeráide atá á dhéanamh ina gcuid earnálacha agraibhia a thraiceáil trí Ardán Cianbhraiteachta Satailíte arna chumhachtú ag AI a úsáid. Baineann ríthábhacht leis an oiriúnú atá á dhéanamh don athrú aeráide a thomhas, a thuairisciú agus a fhíorú le go ndéanfaí éifeachtaí na n-idirghábhálacha a optamú agus le go dtreorófaí infheistíocht.


Maidir le hathrú aeráide agus inbhuanaitheacht [faoi Dhúshlán na nAstaíochtaí Nialasacha](#), tá réiteach an-nuálaíoch á mholadh ag an tionscnamh LiCoRICE atá á stiúradh ag Tony Keane, COBÁC, chun ábhair thearca agus luachmhara a athchúrsáil ó dhramhtháirgí ceallra. An aidhm atá leis costas feithiclí leictreacha a laghdú, ar gné lárnach iad na feithiclí sin i bplean na hÉireann chun an córas iompair a dhíchárbónú faoin mbliain 2030, chomh maith le feabhas a chur le dálaí oibre iad siúd sna tíortha tearcfhorbartha a bhfuil baint acu leis an mianadóireacht a bhíonn i gceist chun na hamhábhair a éastoscadh.

Cuirfidh an tionscnamh SolarCool, faoi stiúir David McCloskey, Coláiste na Tríonóide, le feidhmíocht painéal gréine trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht fuaraithe éighníomhach. Laghdóidh sé sin costas na bpainéal gréine trí éifeachtacht a mhéadú agus trí fhad a chur le saolré fheidhmeach na bpainéal, agus an toradh indíreach air sin ná go mbainfear níos mó úsáide as fuinneamh na gréine.


Tá baint ag baill foirne neamh-acadúla ábhartha agus éagsúla leis na tionscnaimh seo, agus áirítear leo an tlonad Idirnáisiúnta don Talmhaíocht Thrópaiceach (CIAT), Sustainable Nation Ireland, Concern Worldwide agus WEEE Ireland.



► Reáchtáladh ceardlanna do Chlár Ghradam Nuálaí an Todhchaí in oifigí an FEÉ i mí Eanáir 2020. Sa phictiúr thuas tá na foirne rannpháirteacha a fuair có-mhaoiniú ón Roinn Gnóthaí Eachtracha. Chun tosaigh, ó chlé: Steven Ferguson (COBÁC), Andreas Hoepner (COBÁC), Mary McCarthy (Roinn Gnóthaí Eachtracha), Ruth Freeman (FEÉ), Stephen O'Brien (Coláiste na Tríonóide), Charlie Spillane (OÉG). Ar chúil: Tony Keane (COBÁC), Conor Leonard (WEEE), Theodor Cojoianu (COBÁC), Georgiana Ífrim (COBÁC), Seamus O'Shaughnessy (Coláiste na Tríonóide), David McCloskey (Coláiste na Tríonóide), Aaron Golden (OÉG).



Rinneadh infheistíocht de **€6.4 milliún** trí shé dhámhachtaí faoi Chlár Dámhachtana FEÉ d'Infreastruchtúr



Taighde FEÉ ag Tacú le Mac-Chomhlachtaí agus le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SMEnna)

- ▶ Cheannaigh soláthróir seirbhísí aistriúcháin agus logánaithe, réitigh tacaíochta do mhaoin intleachtúil agus seirbhísí teanga d'eolaíochtaí na beatha, i margadh arbh fhiú €18 milliún é, mac-chomhlacht, darbh ainm Iconic, ó Ionad Taighde FEÉ ADAPT do Theicneolaíocht Inneachair Dhigitigh faoin thiomáint AI. Gnó teicneolaíochta nua teanga ingearaí a bheidh in Iconic agus is iad a chomhbhunaitheoirí, an Dr John Tinsley agus iarStiúrthóir Comhlacht ADAPT, an Dr Páraic Sheridan, a bheidh ina bhun.
- ▶ Lainseáladh SeqBiome in 2020, ar mac-chomhlacht a tháinig as Ionad Taighde FEÉ APC Microbiome Ireland, faoi stiúir Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Teagasc, chun [seicheamhú idirghníomhach agus anailís micribhithóim](#) a chur ar fáil.

FEÉ ag Tacú le hInfreastruchtúr Taighde

Rinneadh infheistíocht arbh ionann í agus €6.4 milliún trí shé ghradam faoi Chlár Dámhachtana Infreastruchtúir an FEÉ, i gcomhpháirt le OÉ Gaillimh, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RSCI), Coláiste na Tríonóide, Teagasc agus COBÁC. Cuireann na dámhachtainí seo trealamh úrscothach ar fáil do ghrúpaí taighde chun feabhas a chur lena dtaighde nuálaíoch ardchaighdeán.

Cinnteoídh sé sin go mbeidh taighdeoirí atá maoinithe ag an FEÉ níos iomaíche nuair atáthar ag iarraidh rochtain a fháil ar dheiseanna maoinithe idirnáisiúnta, cosúil le Horizon Europe an AE. Déanann an clár éascaíocht ar an infreastruchtúr taighde náisiúnta a roinnt ar bhonn idir-institiúideach, rud a spreagann comhoibriú agus comhpháirtíocht in Éirinn trí chéile.




Sa phictiúr (c-d): An Dr Marcus Claesson, Brad Wrigley, an Dr Rich Ferrie, Brendan Curran, an tOllamh Paul Cotter, ón tionscadal SeqBiome i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

Luach ar Airgead a Ghiniúint, FEÉ

Tháinig ardú suntasach ar an líon maoinithe a d'éirigh le taighdeoirí atá á maoiniú ag an FEÉ a ghnóthú ó fhoinsí éagsúla eile in 2020, rud a léiríonn go bhfuiltear ag fáil toradh maith ar infheistíocht agus luach ar airgead, agus go bhfuil na caighdeáin is airde eolaíochta á mbaint amach acu.

- ▶ D'éirigh le taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ **€255 milliún** ó fhoinsí éagsúla
- ▶ D'éirigh le taighdeoirí arna maoiniú ag FEÉ **€106 milliún** a fháil ó fhoinsí AE
- ▶ B'ionann maoiniú ó fiontraíocht phríobháideach agus **€49.6 milliún**
- ▶ Is é **1:2.1** an cóimheas maoinithe idir Stáitchiste na hÉireann agus Stáitchiste nach Stáitchiste na hÉireann é
- ▶ Is é **1:1.4** an cóimheas idir maoiniú náisiúnta agus maoiniú idirnáisiúnta.

Tá isteach is amach le **€239 milliún** tarraingte anuas ag Ionaid Taighde FEÉ i maoiniú carnach Horizon 2020 agus tá gealltanais **€466 milliún** faighte acu ón earnáil thráchtála



Maoiniú Seachtrach a Fuarthas le haghaidh Taighdeoirí arna Maoiniú ag FEÉ in 2020

Maoiniú Iomlán a Fuair PI (€)

An tAontas Eorpach	€106,212,010
Fiontraíocht Phríobháideach	€49,572,698
Fiontraíocht Éireann – Dámhachtainí Tráchtálaithe agus Neamhthráchtálaíochta	€30,839,187
Foinse Eile Rialtas na hÉireann	€12,191,797
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	€9,605,691
An Bord Árachais Sláinte	€8,710,300
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	€7,882,106
An tÚdarás um Ard-Oideachas, Éire	€6,204,622
Foinsí Rialtas Idirnáisiúnta Eile	€5,392,899
Eagraíocht Charthanachta/Sheachbhrabúsach (Éireannach)	€4,157,561
Eagraíocht Leasa Idirnáisiúnta Eile	€3,784,695
Eagraíocht Charthanachta/Sheachbhrabúsach (Éireannach)	€2,488,787
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	€2,870,567
Wellcome	€1,606,934
Teagasc	€1,439,500
Foras na Mara	€1,212,506
Institiúid Náisiúnta Sláinte SAM	€717,028
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	€436,540
Iomlán	€255,325,428

Ionaid Taighde FEÉ

Tá an líonra 16 Ionad Taighde FEÉ ag déanamh dul chun cinn tábhachtach i réimse na heolaíochta, ag déanamh cion tairbhe don fhiontraíocht agus don earnáil thionsclaíoch, ag cur oiliúint ar mhic léinn le scileanna criticiúla ard-éilimh, ag tacú le forbairt réigiúnach agus ag cur le cáil na hÉireann go hidirnáisiúnta.

Déanann na hIonad Taighde FEÉ nasc idir eolaithe agus innealtóirí i gcompháirtíochtaí in **910 comhlacht taighde** ar fud an domhain, a n-áirítear leis sin naoi n-ollscoil de chuid na hÉireann agus seacht nInstitiúid Teicneolaíochta, arb ionann an tsuim chernach infheistíochta FEÉ sin agus €684 milliún mar aon le gealltanas ón earnáil thráchtála arb ionann é agus €466 milliún.

Tá **1,033** comhaontú taighde comhoibríoch sínithe ag na hIonaid le **527** comhlacht ar fud an domhain (272 in Éirinn) agus meallann siad tionsclaíocht a chuireann go mór le geilleagar na hÉireann, agus a chuireann le deiseanna oideachais agus gairmréime STEM.

Go dtí seo, rinne **Ionaid Taighde FEÉ an méid seo a leanas:**

€337 milliún

maoiniú nach ón státchiste é, nach ón earnáil thráchtála é

€234 milliún

ón earnáil thionsclaíoch

446

Dámhachtainí Tráchtálaithe EI

261

Comhaontuithe um cheadúnais

44

Mac-chomhlachtaí

20

Dámhachtainí Spoke

Industry commitment of €466 million

Nano €684 million from SFI

Software
Pharma
Neuroscience
MEDICAL DEVICES

Applied Geosciences
Digital Content


MANUFACTURING
SMART DAIRY

Telecoms
Bio Economy
Energy

Functional Foods
FOOD FOR HEALTH

BIG DATA
Marine Renewable Energy

VistaMilk
SSPC
MaREI
Lero
IPIC
Insight
I-Form
AMBER
apc
biorbic
Confirm
CONNECT
cúrom
future neuro
iCRAG



Infheistíocht de €193 milliún i gcúig Ionad Taighde SFI ar feadh sé bliana fógartha in 2020



Comhthorthaí carnacha eochairtháscaire feidhmíochta le haghaidh Ionaid Taighde FEÉ suas go dtí deireadh 2020:

Eochairtháscaire Feidhmíochta	Carnach-go dtí-2020
Foilseacháin irisí	10,522
Foilseachán Comhdhála	5,765
Céimithe MSc/MEng	194
Céimithe PhD	1,385
% Oiliúnaithe ag imeacht chuig an Earnáil Thráchtála	34.6%
Rannpháirtíocht AE	553
Comhordú AE	129
Dámhachtainí ERC	45
Dámhachtainí Tráchtálaithe EI	446
Comhaontuithe um cheadúnais	261
Mac-chuideachta cuimsithe	44

Sciar Costais agus Giaráil	Toradh	Sprioc	Rath
Airgead tirim sa Bhanc	€95 milliún	€66 milliún	144%
Maoiniú iomlán a fuarthas ón Earnáil Thráchtála	€234 milliún	€179 milliún	131%
Maoiniú Neamh-Stáitchiste-Neamhthráchtála	€337 milliún	€335 milliún	101%

Infheistíocht i gcúig Ionad Taighde FEÉ

D'fhógair Simon Harris, TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta [infheistíocht de €193 milliún ar feadh sé bliana i gcúig Ionad Taighde FEÉ](#) chun taighde a dhéanamh ar fheisti leighis cliste, ar ríomhshláinte, líonraí teileachumarsáide, cibearshlándaíl, cathracha cliste, intleacht shaorga, eitic agus príobháideacht sonraí chomh maith le geo-eolaíochtaí, slándáil fuinnimh agus acmhainní mara.

Tá tacaíocht shuntasach á tabhairt dó ón earnáil thráchtála, agus tá níos mó ná €91 milliún geallta i bhfoirm airgid agus deonacháin chomhchineáil, agus tacóidh sé le isteach is amach le 1,060 mac léinn iarchéime, iardhoctúireachta agus comhaltaí taighde atá á bhfostú ag na hIonaid.


Seo a leanas cúig Ionad Taighde an FEÉ a bhfuil an dara céim den mhaoiniú á fháil acu: ADAPT, Ionad Taighde FEÉ ADAPT do Theicneolaíocht Inneachair Dhigitigh faoin thiomáint AI, a bhfuil Coláiste na Tríonóide i gceannas air; CONNECT, Ionad Taighde CONNECT FEÉ do Líonraí an Todhchaí, a bhfuil Coláiste na Tríonóide i gceannas air; CÚRAM, Ionad Taighde FEÉ d'Fheisti Leighis, a bhfuil OÉ Gaillimh i gceannas air; iCrag, Ionad Taighde FEÉ do na Geo-Eolaíochtaí Feidhmeacha, a bhfuil COBÁC i gceannas air; and Lero, Ionad Taighde FEÉ do Bhogearraí, a bhfuil Ollscoil Luimnigh i gceannas air.



Téann torthaí an taighde chun tairbhe na tíre trí chéile, agus i measc na gcomhpháirtíochtaí tá IT Bhaile Átha Luain, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (DIAS), IT Dhún Dealgan, IT Luimnigh, Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU), OÉ Gaillimh, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RSCI), Teagasc, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (TUD), Coláiste na Tríonóide, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh, agus IT Phort Láirge.

► Féach ar Fhíseán

- Tá páirt glactha ag Ionaid Taighde FEÉ in níos mó ná 680 mórthionscnamh chun dáta, arna maoiniú ag an AE, agus tá 45 dámhachtain faighte acu ó gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC).
- Tá 122 comhaontú taighde comhoibríoch sínithe ag Ionaid Taighde FEÉ, a bhfuil 75 acu le comhlachtaí idirnáisiúnta. Bhí gealltanais faighte acu ón earnáil thráchtála in 2020 arbh fhiú €34 milliún iad.
- Rinne tionscnamh ildisciplíneach, 'Inception Horizon', taiscéaladh ar thaighde iCrag, Ionad Taighde FEÉ do na Geo-Eolaíochtaí Feidhmeacha – a raibh taibhléiriú córuil úathúil mar thoradh air.



Fócas ar:



▼ An tOllamh Ortwin Hess i gColáiste na Tríonóide.

Taighde ceannródaíoch

Tá gléas nua nuálaíoch deartha ag taighdeoirí ó AMBER, Ionad Taighde FEÉ d’Ardábhair agus Taighde BithInnealtóireachta, arna óstáil ag Coláiste na Tríonóide, CRANN agus Ionad na Tríonóide don Innealtóireacht Bhithleighis, ar gléas é a astóidh caithníní aonair solais, nó fótóin, ó phoncanna candamacha. Gné ríthábhachtach í seo i bhforbairt ríomhairí candamacha agus gléasanna candamacha eile ar bhonn praiticiúil.


Soláthraíonn sé seo acmhainn chandamach luachmhar agus tá an fhéidearthacht aige gléasanna a fhorbairt a bhfuil cumas braiteachta níos íogaire acu, nó cumhachtaí ríomhaireachta atá chun cinn orthu sin a bhíonn i gceist le gnáthríomhaireacht.

Tá eolaithe ag déanamh imscrúdú ar roghanna agus dearthaí éagsúla chun teicneolaíochta candamacha a dhéanamh inmharthana. Cur chuige amháin atá molta don ríomhaireacht chandamach córais fótónaice a úsáid, ar córais iad a bhainfeadh úsáid as airíonna candamacha an tsolais ag an nanascála, mar chandamghiotáin. Próiseálann agus stóráilann na ríomhairí atá anois againn eolas i bhfoirm giotán a bhfuil luach 0 nó 1 orthu, ach is féidir luach 0 agus 1 a bheith ag candamghiotáin ag an am céanna. Tá feabhas suntasach déanta ag foireann AMBER ar na dearthaí a bhí ar chórais fótónaice roimhe sin tríd an ngléas atá acu, ar gléas é a ligeann d’astú treoch inrialaithe fótón aonair agus a tháirgeann staideanna péirí de phoncanna candamacha atá i bhfostú a chéile.

Rinne an fhoireann taiscéaladh ar a leithéid de chóras in alt a foilsíodh in 2020 san iris ardpróifíle Nano Letters. Baineann a gcóras úsáid as fótóin solais a astaítear ar bhonn rialta in am agus i spás ó astaitheoirí candamacha (ábhair nanascála a dtugtar poncanna candamacha orthu). I gcás feidhmeanna cosúil le ríomhaireacht chandamach, ní mór na hastuithe ó na poncanna sin a rialú agus péirí d’astaitheoirí candamacha a bhfostú a chéile a tháirgeadh.

Seo mar a labhair Ollamh Taighde SFI, Ortwin Hess, ar Ollamh é le Nanafótónaic Candamach i Scoil na Fisice, Coláiste na Tríonóide agus CRANN: *“Má dhéanaimid an bior miotail a scanáil thar an dromchla a bhfuil na poncanna candamacha air, is féidir linn astú fótóin aonair a ghiniúint de réir mar a theastaíonn sé. Tá a leithéid de ghléas i bhfad níos simplí ná na córais reatha a fhéachann le bior miotail, nó cuas, a fhostú i ngaireacht do phonc candamach. Táimid ag súil go mbeidh tionchar an-mhór ag an ngléas seo, agus ar an gcaoi a bhfeidhmíonn sé, ar an taighde a dhéantar ar astaitheoirí candamacha do theicneolaíochtaí candamacha.”*

Tá sé beartaithe ag an bhfoireann gléasanna a dhéanamh a léireoidh astú rialaithe fótóin aonair agus a chuirfidh go mór leis an iarracht taighde atá idir lámha maidir le teicneolaíochtaí candamacha in Éirinn.



An tEolas is Deireanaí faoi Bheartas FEÉ

Feabhas a chur ar chomhionannas inscne, éagsúlacht agus ar chuimsiú laistigh den FEÉ


Leanann FEÉ ar aghaidh ag tógáil ar a hobair shuntasach chun cothroime inscne, éagsúlacht agus cuimsiú a fheabhsú ar fud na bhfoirne taighde a dtacaíonn sí leo. Tacaíonn an FEÉ le tionscnamh Athena SWAN, mar a dhéanann Comhlachtaí Taighde na hÉireann, agus cinntíonn sé go dtugtar eolas cuí do na saineolaithe ábhair sin a ghlacann páirt in athbhreithnithe painéal maidir le claontacht neamh-chomhfhiósach. Mná a bhí i 29% acu siúd a bhain amach dámhachtain FEÉ in 2020. Is é sprioc FEÉ 30% Maidir le baill na bhfoirne, mná a bhí i 38% acu.

I measc thionscnaimh an FEÉ maidir le hinscne in 2020, áiríodh leis an gclár FEÉ Frontiers for the Future na critéir incháilitheachta a leathnú chun go mbeadh spriocghrúpa iarratasóirí níos mó ann, go bhfostófaí saineolaí teanga chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghairmeacha clár le go mbeidh siad níos cuimsithí, agus, sa chás go bhfaigheann iarratasóirí an scór céanna, go dtabharfaí tosaíocht do na hiarratais sin a rinne mná. Mar thoradh ar na bearta sin, tháinig ardú ar líon na mban a fuair maoiniú ó 21% sna gairmeacha clár roimhe sin go 45% sa chlár seo.

Tá sé mar aidhm ag an FEÉ chomh maith taighdeoirí a mhaoiniú a thugann faoi thaighde den scoth agus a dhéanann cion tairbhe don chéad ghlúin eile de thaighdeoirí, don tsochaí agus don gheilleagar, don phobal taighde agus do chultúr taighde dearfach. Chun a chinntiú go mbeidh sé sin ina chuid den phróiseas measúnaithe deontais, thug an FEÉ CV agus critéir mheasúnaithe nua isteach d'iarratasóirí in 2020 chun aitheantas a thabhairt do na luachanna sin, de réir phrionsabail an Fhógra maidir le Measúnú Taighde (DORA). Tá sé sin ag teacht chomh maith le cinneadh an FEÉ a bhfuil bainte amach ag taighdeoir a mheas ar bhealach níos iomlánaíche le go dtacófaí le timpeallacht comhshaoil níos cuimsithí.

Tá an FEÉ ag glacadh páirte i dtionscnamh Horizon 2020 GRANTeD, a bhfuil sé mar aidhm aige athbhreithniú a dhéanamh ar a mhinicí is atá claontacht inscne le brath i maoiniú taighde san Eoraip, agus na húdair atá taobh thiar di. Déanfaidh saineolaithe idirnáisiúnta i réimse an chomhionannais inscne i maoiniú taighde, mar sin, measúnú ar an ngairm do chlár FEÉ Frontiers for the Future 2020. Ach na torthaí a bheith faighte ón measúnú sin, déanfaidh an FEÉ breithniú ar na moltaí féachaint le hiad a chur chun feidhme ina gcláir mhaoinithe trí chéile.

45%



An líon acu siúd a fuair dámhachtain Frontiers for the Future FEÉ ar mhná iad.

Sláine Taighde agus Rialachas Taighde

Lean an FEÉ ag obair lena chomhairleoirí seachtracha in 2020 ag déanamh athbhreithniú ar na polasaithe agus na próisis atá ann chun tacú le Sláine Taighde in Eagraíochtaí Déanta Taighde (RPO_{na}), lena n-áirítear iad sin a bhaineann le hoiliúint agus oideachas, agus chun imscrúdú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht i scoileanna, rannóga agus Ionaid, mar aon le leibhéal an taighdeora aonair. Cabhróidh sé sin cinntiú go mbeidh na caighdeáin sláinte is airde mar bhonn agus mar thaca do gach gné den taighde sin a bhfuil airgid an phobail á chaitheamh air.

Tá athbhreithniú déanta ag an FEÉ ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta institiúideacha maidir le Sláinte Taighde, oiliúint agus an chaoi a láimhseáil líomhaintí maidir le mí-iompar i réimse na heolaíochta, agus tá na torthaí a tháinig aisti sin á roinnt leis na hEagraíochtaí Déanta Taighde ábhartha. Anuas air sin, gné lárnach d'athbhreithnithe fóirúla an FEÉ ar an dul chun cinn atá déanta ar chlár a bhfuil duine aonair i gceannas air is ea an próiseas athbhreithnithe ar fhoirse sonraí, ar próiseas é sin a dhéanamh éascaíocht do phainéal saineolaithe ábhair staidéar a dhéanamh ar foinse tacar sonraí agus cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann taighde maidir leis.

Eolaíocht Oscailte


Déanann an FEÉ maoiniú ar thaighde a dhéanann difear suntasach dár sochaí agus dár ngeilleagar, agus cuirtear leis sin ar fad go mór nuair a dhéantar inrochtaineacht ar fhoilseacháin agus ar aschuir taighde eile a mhéadú. Bhí 59% d'ailt bhunúla agus ailt léirmheasa a fuair maoiniú ón FEÉ ar fáil go hoscailte. Tá Polasaí Rochtana Oscailte ag an FEÉ agus coinníoll den pholasaí sin go ndéanfar gach alt a leagtar isteach le haghaidh a fhoilsiú ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh a chur ar fáil láithreach ar uair a fhoilsiú. Iarrann an FEÉ chomh maith go mbeidh gach aschur, a n-áirítear leis sin sonraí taighde, Inchuadaithe, Inrochtana, Idir-inoibritheach agus In-athúsáidte (FAIR), agus tá Pleananna Bainistíochta Sonraí á gcur san áireamh aige do ghairmeacha maoinithe nua.

Thacaigh an FEÉ le IReL chun maoiniú breise a fháil le haghaidh comhaontuithe nuashonraitheacha. Bhí naoi gcomhaontú nuashonraitheach aontaithe ag IReL faoi dheireadh na bliana 2020 le foilsitheoirí cosúil le Elsevier, Springer, Wiley, agus an Royal Society. Soláthróidh na forbairtí seo go leor tacaíochta agus infreastruchtúr do thaighdeoirí atá maoinithe ag an FEÉ agus iad á n-ailíniú féin le Polasaí Rochtana Oscailte an FEÉ. Ar an gcaoi chéanna, beidh an tacaíocht a thugtar don Rochtain Oscailte comhlántach le tiomantas an FEÉ tacú le DORA, a bhfuil sé mar aidhm aige an bhéim a bhogadh ó mhéadracht foilseachán go caighdeán agus tionchar an taighde a aithint. Tá tascfhórsa á stiúradh ag an FEÉ chomh maith chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchair [Plean S](#), idir dhearfach agus dhiúltach, go háirithe ar thaighdeoirí luathghairme.

59%



Líon na n-alt bunúil agus léirmheasa a fuair maoiniú ón FEÉ atá ar fáil go hoscailte.



Rialachas Ráiteas agus
Tuarascáil Chomhaltaí
an Bhoird, Struchtúr
Eagrúcháin agus
Fógraí Reachtúla

Comhaltaí Boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann*



► An tOllamh J. Peter Clinch

Cathaoirleach Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Ceapadh an tOllamh J. Peter Clinch mar Chathaoirleach ar an mBord i mí Lúnasa 2019. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais roimhe seo mar ar thug sé a sheirbhís mar chomhairleoir sinsearach neamhspleách don Rialtas ar iomaíochas, trádáil agus beartas geilleagair. Iar-Leas-Uachtarán COBÁC is ea Peter agus tá Ollúntacht Jean Monnet le Beartas Poiblí aige. Is ball Cleamhnach Dáimhe é den chlár iomaíochta san Institiúid Straitéise, Scoil Ghnó Harvard. Bhí poist chuartaíochta, nó bhí sé ina aoichainteoir sna hollscoileanna seo, i measc ollscoileanna eile, a leanas: Ollscoil California, Berkeley agus San Diego, Ollscoil Oxford, Ollscoil Cambridge, Ollscoil Southern California agus Scoil Rialtais John F. Kennedy in Ollscoil Harvard. Bhí Peter ina chomhairleoir don Bhanc Domhanda, don Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus do roinnt rialtais/gníomhaireachtaí náisiúnta, i measc eagraíochtaí eile. Téann eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcomhairle leis go rialta ar chúrsaí straitéis agus rinne sé obair shuntasach maidir le raon leathan réimsí beartais ag leibhéal náisiúnta agus leibhéal na hEorpa. Tá céim BA agus MA céadonóracha san eacnamaíocht, PhD, Diplóma i Measúnacht Tionchair Timpeallachta aige agus is céimí de chuid an Chláir Ard-Bhainistíochta é i Scoil Ghnó Harvard. Tá sé in údar le 200 foilseachán agus páipéar ar ghnéithe éagsúla d'fhorbairt gheilleagrach inbhuanaithe. In 2017, bronnadh Comhaltacht Acadamh na nEolaíochtaí Sóisialta le haghaidh taighde oiric agus obair mhór ar bheartas.



► An tOllamh Mark W.J. Ferguson

Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann

Thosaigh an tOllamh Mark W.J. Ferguson mar Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in Eanáir 2012 agus mar Phríomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann i nDeireadh Fómhair 2012. Tá an tOllamh Ferguson ina Chathaoirleach ar Bhord Comhairleach na bPíolótaí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, ina bhall de Bhoird Rialaithe den Chomhairle Taighde Dhomhanda agus d'Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh, agus is ball bunaidh é de Thionscnamh na nArd-Gheilleagar Beag. Chaith sé tréimhse ar Ghrúpa Ardleibhéil an AE maidir le tionchar H2020 agus bhí sé ina chathaoirleach ar choistí idirnáisiúnta a rinne athbhreithniú ar na córais Taighde agus Nuálaíochta sa Danmhairg, an Ungáir agus i gCeanada. Rinne Mark cion tairbhe le gairid d'aisfhreagra na hÉireann do phaindéim COVID-19, e.g., mar bhall de NPHEM. Ina Ollamh agus ina Dhéan ar na hEolaíochtaí Bitheolaíochta roimhe seo in Ollscoil Mhanchain, ba chomhbhunaitheoir agus POF é ar Renovo Group Plc. Fuair an tOllamh Ferguson sraith duaiseanna agus dámhachtainí taighde idirnáisiúnta, lena n-áirítear Duais Eolaíochta na hEorpa (comhbhunaitheoir) 2002, is údar é ar 329 páipéar agus caibidil leabhair, 61 teaghlach paitinne, is údar/eagarthóir é ar ocht leabhar, rinne sé stiúradh ar 77 mac léinn PhD agus dámhadh breis agus £70 milliún dó i ndeontais taighde iomaíochta agus tuairim is £100 milliún i maoiniú cothromais gnólachtaí nuathionscanta. Bhain an tOllamh Ferguson a chéim amach ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste le céimeanna san Fhiaclóireacht (BDS 1ú onóracha), Anatamaíocht agus Sutholaíocht (BSc 1ú onóracha, PhD), agus Eolaíochtaí Leighis (DMedSc), tá Comhaltacht aige ó Choláistí Ríoga na Máinleá in Éirinn (FFD), agus Dhún Éideann (FDS) agus is Comhchomhalta é ar UK Academy of Medical Sciences (FMedSci) Tá sé ina bhall nó ina Chomhalta de líon Cumann léannta agus rinne an Bhanríon “Ceannasaí Impireacht na Breataine” (CBE) de in 1999 le haghaidh seirbhísí d'Eolaíochtaí na Sláinte agus na Beatha.



► **An tOllamh Sir Tom Blundell**

Stiúrthóir Taighde agus an tOllamh Emeritus sa Bhithcheimic, Ollscoile Cambridge

Bhí poist teagaisc agus taighde ag an Ollamh Tom Blundell roimhe seo in Ollscoileanna Londain, Sussex agus Oxford agus stiúran sé foireann taighde ghníomhach sa bhith-eolaíocht struchtúrach agus ríomhaireachta sa Rannóg Bithcheimice in Ollscoil Cambrigde. Chomhbhunaigh sé Astex Therapeutics in 1999, a díoladh ar \$886 milliún le Otsuka. Tá Tom ar an mBord i gcónaí agus tá drugaí ar an margadh ar fud an domhain ag Astex chun ailse brollaigh agus carcanóma an lamhnáin a chóireáil mar aon le drugaí eile atá á dtástáil i dtrialacha cliniúla. Bhí sé ina chomhalta de líon Bord agus de Bhoird Chomhairleacha Eolaíochta i gcuideachtaí cógaisíochta agus biteicneolaíochta araon, lena n-áirítear SKB, Celltech agus UCB. Bhí roinnt róil ghradamacha ag Tom i gcomhlachtaí poiblí, lena n-áirítear Cathaoirleach an Choimisiúin Ríoga um Thruaillíú Comhshaoil agus Carthanais, agus bhí sé ina chomhalta de ghrúpa comhairleach don Phríomh-Aire. Bhí sé ina POF bunaidh agus ina Chathaoirleach ar Chomhairle Taighde na Biteicneolaíochta agus nEolaíochtaí Bitheolaíochta. Rinneadh ridire de Tom Blundell in 1997 agus tá sé ina chomhalta de roinnt acadamh. Bronnadh a lán dámhachtainí, duaiseanna, bonn agus onóracha air dá chuid oibre taighde agus tá Dochtúireachtaí Onóracha aige ó 16 Ollscoil. Ar na duaiseanna a bronnadh air le deireanas tá Duais Ewald.



► **Aidan W. Donnelly**

Bainisteoir Gníomhach ar Advest Management Ltd.

Tá leasanna ag Aidan Donnelly i líon comhlachtaí nua-thionscanta i réimse na réadmhaoine, na n-athnuaiteán agus comhshaoil. Anuas air sin, bhí sé ina Chathaoirleach ar NORA, gníomhaireacht Rialtas na hÉireann a bhfuil an fhreagracht air as Cúltaisí Náisiúnta Ola na hÉireann. Tá taithí fhairsing ag Aidan ar fhorbairt agus ar bhainistíocht cuideachtaí ilnáisiúnta a dhíríonn ar an teicneolaíocht in Éirinn amhail Xerox (Eoraip) Teo., Quantum Peripheral Products Teo., Puritan Bennett, Cabletron Systems, Betdaq (Global Betting Exchange Teo.) agus an ceann is déanaí, ServeCentric Teo. Ar feadh breis agus 12 bhliain, rinne Aidan seirbhís in arm na hÉireann, ina raibh sé ina Chaptaen ar Chór Ordanáis an Airm. Thuill sé M.B.A. (COG), M.I.E. (COBÁC) agus B.Sc. (COG) agus is Stiúrthóir Cairte é (C.Dir.) leis an IOD.



► **Máire Geoghegan-Quinn**

Iar-Choimisinéir maidir le Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Bhí Máire Geoghegan-Quinn ina coimisinéir Eorpach do Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht ó 2010-2014. Mar Choimisinéir bhunaigh sí an tionscnamh 'Aontas Nuálaíochta'; chuir sí an Réimse Eorpach um Thaighde chun cinn; agus sheachaid sí an creatchlár taighde ba mhó riamh, Fís 2020, le méadú buiséid 30% (€80 billiún san iomlán le haghaidh taighde agus nuálaíochta). Bhí an fhreagracht pholaitiúil aici as dhá ard-stiúrthóireacht – an Ard-Stiúrthóireacht um Thaighde agus Nuálaíocht agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde. I mí an Mhárta 2021, ceapadh Máire mar chathaoirleach ar údarás rialaithe OÉG (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh).

D'fhóin Máire roimhe sin mar TD de chuid Fhianna Fáil le haghaidh thoghcheantar Ghailimh Thiar (1975–1997); agus bhí líon post aici mar Aire, lena n-áirítear: Aire na Gaeltachta (1979–1981), arbh í an chéad bhean a bhí ina hAire Rialtais ó bunaíodh Stát na hÉireann; an tAire Gnóthaí Eorpacha (1987–1991); agus an tAire Dí agus Cirt (1993–1994). Tá Céim Dochtúra Dlíthe aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, céim Dochtúra Eolaíochta ó COBÁC (ar honoris causa an dá cheann); agus Légion d'honneur i measc bronnta eile. Tá sí ina Comhalta den Airmheán Eorpach Comhpháirteach Taighde (JCR) Líonra Alumni agus ina Comhalta Oinigh de Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann.



▶ **Brendan Harte**

Leas-Uachtarán Sinsearach Airgeadais, ICON plc

Tá Brendan Harte, FCA ina Leas-Uachtarán Sinsearach Airgeadais in ICON Plc, eagraíocht taighde chliniciúil dhomhanda a bunaíodh in Éirinn agus a fhostaíonn tuairim is 15,000 duine. Thosaigh sé ag obair le ICON in 2008 agus bhí roinnt ról dhomhanda aige ar an bhfoireann ardbhainistíochta, le fócas ar phríomhthionscnaimh athraithe, athstruchtúru straitéiseach na samhla gnó agus tacú leis an spreagadh i gcomhair fáis agus luach méadaithe scairshealbhóra. Ina ról reatha, tá sé ina cheannaire ar an bhfoireann a bhfuil sé de fhreagracht aici ionduchtú rathúil agus cuimsiú domhanda a chinntiú maidir le línte gnó nua a cheannaigh ICON. I ról roimhe seo, d'fhorbair agus stiúir sé foirne móra, ildisciplíneacha atá freagrach as réimsí amhail Tuairisciú Airgeadais, Cuntasaíocht Chorparáideach, Cánachas, Comhlíonadh Reachtúil, agus Iocaíochtaí Imscrúdaitheora. Sular thosaigh sé ag obair le ICON, d'oibrigh sé i ról cheannaireachta le Seirbhísí Airgeadais Hewlett Packard, Accenture, agus Meridian Vat Reclaim. Is Comhalta é an tUasal Harte de Chuntasóirí Cairte na hÉireann.



▶ **An tOllamh Ann Leen**

Ollamh le Péidiatraic í san Ionad Teiripe Cealla agus Géine i gColáiste Leighis Baylor

Is Ollamh le Péidiatraic í Ann Leen san Ionad Teiripe Cealla agus Géine i gColáiste Leighis Baylor agus tá níos mó ná 20 bliain taithí mar imdhíoneolaí aici maidir le forbairt agus ag tástáil teiripí nuálacha T-ceall chun cóireáil a dhéanamh ar ionfhabhtuithe víreasacha agus ar ailse. Tá straitéisí imdhíona-theiripeacha forbartha agus curtha i bhfeidhm go cliniúil aici chun speictream galair a chóireáil lena n-áirítear mialóma, liomfóma, leiocéime, ailse phaincréasach agus COVID-19. Faoi láthair is í an príomh-imscrúdaitheoir maidir le cúig staidéar ar Dhrugaí Nua Imscrúdaithe (IND) arna dtionscnamh ag imscrúdaitheoir agus le 10 mbliana anuas d'fhóin sí mar phríomh-imscrúdaitheoir ar níos mó ná 10 dtriail chliniciúla ar othair ag úsáid teiripí cille “den chéad uair i nduine”. Bhunaigh sí dhá chuideachta - Marker Therapeutics agus AlloVir - agus feidhmíonn sí mar Phríomhoifigeach Eolaíochta AlloVir. Is údar sinsearach nó comhúdar í an tOllamh Leen ar níos mó ná 100 foilseachán faoi athbhreithniú piaraí agus tá sí ina haireagóir ainmnithe ar 14 phaitinn a eisíodh. Rinne sí athbhreithniú freisin ar lámhscríbhinní le haghaidh irisleabhair éagsúla agus d'fhóin sí mar phiarmheasúnóir deontas do ghníomhaireachtaí maoinithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá céim Ph.D. ag an Ollamh Leen in Imdhíoneolaíocht ó Institiúid CRC um Staidéar Ailse i mBirmingham, sa RA agus BSc sa bhithcheimic ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



▶ **An tOllamh Liam Madden**

Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin agus Bainisteoir Ginearálta Ghrúpa Sreangaithe agus gan Sreang ag Xilinx

Tá an tOllamh Liam Madden i gceannas ar eagraíocht ghairmithe T&F ar fud an domhain, lena n-áirítear foirne i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, agus mar Bhainisteoir Ginearálta tá sé freagrach freisin as ghnó an bhonneagair Shreangaithe agus Gan Sreang. Chaith an tOllamh Madden níos mó ná 30 bliain i dtionscal leathsheoltóra SAM, áit ar chuidigh sé le raon táirgí agus teicneolaíochtaí atá chun tosaigh sa tionscal. Bunaithe in Silicon Valley, d'oibrigh sé le cuideachtaí bunaithe agus gnólachtaí nuathionscanta, lena n-áirítear ról ceannaireachta in IPO rathúil. Bíonn an tOllamh Madden ag caint go minic ag imeachtaí ollscoile agus tionscail ar fud an domhain. Tá chúig phaitinn aige sa teicneolaíocht leathsheoltóra. Tá sé ina Chomhalta d'Innealtóirí Éireann agus tá sé ina Ollamh Cúnta le hInnealtóireacht Leictreach, Leictreonach agus Cumarsáide ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



▶ **Gráinne McAleese**

An Ceann Airgeadais do UDG Healthcare plc

Ceannaire gnó sinsearach is ea Gráinne McAleese ag a bhfuil taithí ar a bheith ag obair go hidirnáisiúnta ar leibhéal coiste feidhmiúcháin i róil airgeadais agus ceannaireachta, sa tionscal cógaisíochta agus biteicneolaíochta den chuid is mó. Tá Gráinne ina Ceann Airgeadais faoi láthair do UDG Healthcare plc, cuideachta dhomhanda a bhfuil a ceanncheathrú in Éirinn a sholáthraíonn seirbhísí nuálacha seachfhoinsithe do chuideachtaí cúraim sláinte. Roimh UDG Healthcare, d'oibrigh sí mar Bhainisteoir Ginearálta d'Éirinn agus Leas-Uachtarán Airgeadais le Alexion Pharmaceutical, cuideachta biteicneolaíochta SAM i gcomhair galair neamhchoitianta. Chaith an tUasal McAleese 10 mbliana ag obair le Elan Corporation, plc sna Stáit Aontaithe agus in Éirinn i róil éagsúla airgeadais chorparáidigh, straitéisigh agus ghrúpa, agus le déanaí mar Rialaitheoir Corparáideach agus Príomhoifigeach Cuntasaíochta. Tá an tUasal McAleese ina Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann, agus ina Cuntasóir Poiblí Deimhnithe sna Stáit Aontaithe, agus tá céim Bhaitisiléara agus Mháistreachta aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



▶ **Cliona Murphy**

Leas-Uachtarán T&F, Dearbhú Cáilíochta Domhanda, PepsiCo

Is í Cliona Murphy Leas-Uachtarán T&F, Dearbhú Cáilíochta Domhanda, PepsiCo. Sa ról seo tá sí freagrach as na beartais agus na caighdeáin cháilíochta a forbraíodh agus a úsáidtear ar fud phunann iomlán PepsiCo agus as comhlíonadh a fhíorú agus a chinntiú maidir leo. Tá sí i gceannas freisin ar chlár Million Women Mentor PepsiCo ar fud an domhain. Thosaigh Cliona ag obair le PepsiCo i 1997 agus d'oibrigh sí i róil éagsúla ceannaireachta T&F agus Slabhra Soláthair ar fud chóras PepsiCo san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe, sa tSín, san Áise agus in Éirinn. Is Innealtóir Cairte í a bhfuil Céim san Innealtóireacht aici ó Choláiste na Tríonóide agus MSc i mBia, Cothú & Sláinte ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sí ina ball de Chomhairle Provost Choláiste na Tríonóide agus ina Comhalta Boird d'Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic an Iardheiscirt. Roimhe seo bhí Cliona ina ball d'Údarás Teagasc.

**Amhail an 30 Aibreán 2021*

Ráiteas maidir le Rialachas Corparáideach agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 (“an tAcht”). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 7 den Acht, arna leasú. Tá an Bord freagrach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (“an tAire”) agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc seo i bhfeidhm trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó (le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, aistríodh FEÉ ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chuig an Roinn nuabhunaithe Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le héifeacht ón 1 Eanáir 2021). In Alt 7(4) den Acht ceanglaítear ar an mBord cloí leis na treoracha ginearálta sin a bhaineann le beartas i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a thabharfadh an tAire. Is é an tArd-Stiúrthóir, an Coiste Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as rialú agus treoir laethúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Socraíonn an Bord ton eiticíúil an Fhorais freisin trína chinntiú go bhfuil luachanna, dea-chaighdeáin rialachais agus iompraíocht eiticíúil FEÉ le sonrú ar fud an Fhorais. Cloíonn an tArd-Stiúrthóir agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí leis an treoir leathan straitéiseach arna leagan síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dócha dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an tArd-Stiúrthóir mar theagmhálaí díreach idir an Bord agus lucht ardbhainistíochta FEÉ.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar an Bhoird, ina bhfuil cúrsaí a choimeádtar go sonrath lena gcinneadh ag an mBord chomh maith. I measc na míreanna buana a bhreithníonn an Bord tá:

- ▶ Dearbhú leasanna.
- ▶ Tuarascálacha ón na gcoistí Boird, lena n-áirítear scaipeadh miontuairiscí.
- ▶ Tuarascálacha airgeadais /cuntais bhainistíochta.
- ▶ Tuarascálacha feidhmíochta.
- ▶ Clár rioscaí.
- ▶ Cúrsaí a fhorchoimeádtar don Bhord.

In Alt 24 den Acht ceanglaítear ar an mBord na cuntais go léir is cuí agus is gnách a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord na Fondúireachta:

- ▶ Beartais chúí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- ▶ Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus a dhearbhu más amhlaidh gur cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta faoi réir aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntais chúí a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn tráth ar bith, a staid airgeadais agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonfaidh na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht. Tá coimeád agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Fondúireachta faoi fhreagracht an Bhoird. Tá an Bord freagracht as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú.

Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Fondúireachta faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil ar an 7 Nollaig, 2020. Rinne an Bord, tríd an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca den chuid is mó, measúnú ar phríomhrioscaí an chomhlachta Stáit lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair ba chúig agus bearta nó straitéisí gaolmhara um maolú. Tá an Fhondúireacht ag cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh lena gcosaint agus calaíocht agus neamhriachtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais FEÉ léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Fhorais amhail an 31 Nollaig 2020.

Struchtúr agus Coistí an Bhoird agus

De ghnáth bíonn Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus deich ngnáthchomhalta arna gceapadh ag an Aire ar Bhord SFI, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna, mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht. Tá na scileanna agus an saineolas riachtanach agus comhlántach ag Comhaltaí Neamhspleácha Neamhfheidhmiúcháin an Bhoird chun an straitéis agus na beartais leathana a leagadh síos don Fhondúireacht agus a fheidhmiú a mhaoirsiú. Tá sonraí sa tábla thíos maidir leis an tréimhse cheapacháin do na comhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta a Ceapadh
An tOllamh J. Peter Clinch	Cathaoirleach	01/08/2019
An tOllamh Mark Ferguson	Ard-Stiúrthóir	16/01/12 (athcheaptha 16/01/17)
An tOllamh Sir Tom Blundell	Comhalta Boird	19/11/14 (athcheaptha 25/07/2019)
An tUasal Aidan Donnelly	Comhalta Boird	05/12/13 (athcheaptha 08/06/17)
Máire Geoghegan-Quinn, Uasal	Comhalta Boird	11/04/18
An tUasal Brendan Harte	Comhalta Boird	17/12/19
An tOllamh Ann Leen	Comhalta Boird	10/09/21
An tOllamh Liam Madden	Comhalta Boird	01/02/13 (athcheaptha 08/06/17)
Gráinne McAleese, Uasal	Comhalta Boird	25/10/18
An tUasal Cliona Murphy	Comhalta Boird	10/09/21

Rinne an Bord athbhreithniú ar a fheidhmíocht i Márta 2020 nuair a cuireadh tuarascáil isteach ar ghníomhaíochtaí na bliana 2020, a chuimsigh athbhreithniú ar Choistí an Bhoird agus chomhlánaigh baill an Bhoird ceistneoir meastóireachta faoin mBord freisin. Tá cúig choiste bunaithe ag an mBord mar seo a leanas:

Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR), ina gcuimsítear cúig chomhalta, tacaíocht a thabhairt don Bhord i ndáil lena fhreagrachtaí as ceisteanna um riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta agus déanann sé monatóireacht ar an gcóras rialuithe inmheánach agus cosaintí airgeadais, déanann sé maoirseacht ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agus déanann sé iniúchtaí ar dheontais SFI a thugtar d'institiúidí seachtracha. Cinntíonn an coiste go bhfuil córas i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí maolaitheacha agus go gcoinnítear suas chun dáta é. Déanann an coiste monatóireacht agus athbhreithniú chomh maith ar thuarascálacha airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar bhonn rialta lena n-áirítear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Tá an coiste freagrach chomh maith as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas rialachais chorparáidigh, lena n-áirítear an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna nuashonrú i Meán Fómhair 2016.

Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus i scríbhinn go foirmiúil gach bliain. De ghnáth bíonn cúigear ball ar an gCoiste lena n-áirítear ball seachtrach amháin ar a laghad. Is iad seo a leanas baill reatha an Choiste, Brendan Harte (Cathaoirleach), Aidan Donnelly, Grainne McAleese, Stephen O'Connor (a tháinig ar an gCoiste ar an 30 Márta 2020) agus Cliona Murphy (a tháinig ar an gCoiste ar an 8 Nollaig 2020). D'fhág an tUasal Breathnach an Coiste i mí Iúil 2020 toisc gur aistríodh SFI ón Roinn Fiontar Trádála & Fostaíochta. Is ball seachtrach den choiste é Stephen O'Connor. Bhí ocht gcruinniú den CIR in 2020.

Coiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird

Tá triúr comhaltaí ar Choiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird (CCA) agus breithníonn sé na scileanna a theastaíonn don Bhord, chomh maith le réimsí saineolais agus tugann siad comhairle don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí dá réir sin nuair a thagann folúntas sa Bhord chun cinn. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is iad seo a leanas baill reatha an Choiste an tOllamh J. Peter Clinch (Cathaoirleach), an tOllamh Mark Ferguson agus an tOllamh Ann Leen. Ní raibh aon chruinnithe den Choiste in 2020.

An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair

Tá ceathrar ball ar an gCoiste um Fhorbairt agus Luach Saothair an Lucht Bainistíochta (MDRC) agus déanann siad athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí agus déanann siad maoirseacht ar phleanáil maidir le bainistíocht, forbairt agus comharbas.

Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is iad baill reatha an Choiste an tOllamh J. Peter Clinch (Cathaoirleach), an tUasal Aidan Donnelly, an tUasal Grainne McAleese agus an tUasal Cliona Murphyl (a ceapadh an 8 Feabhra 2021). Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste in 2020.

Coiste Ceada Deontas

Tugtar an chumhacht do Choiste Ceada Deontas FEÉ (CCD), ina bhfuil cúigear comhaltaí, tograí maidir le deontais taighde a cheadú i gcomhréir leis na leibhéil údaráis tarmiligthe arna gceadú ag an mBord. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe. Is iad seo a leanas comhalta an Choiste: An tOllamh Liam Madden (Cathaoirleach), an tOllamh Tom Blundell, Ciaran Conlon, an tOllamh Ann Leen agus an tOllamh Mark Ferguson.

Rinneadh comhalta Coiste de Chiaran Conlon agus é ina chomhalta seachtrach ar an 30 Márta 2020. Tháinig Ann Leen ar an gCoiste ar an 7 Nollaig 2020. Bhí trí chruinniú den Choiste ann in 2020 (agus cheadaigh baill an Choiste deontais trí ríomhphost trí huair). Rinne an Coiste athbhreithniú ar a éifeachtúlacht tar éis ceistneoir féinmheasúnaithe a chomhlánú i mí na Nollag 2020.

An Coiste Earcaíochta

Bunaíodh Coiste Earcaíochta an FEÉ an 8 Meitheamh 2020 chun maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh thar ceann an Bhoird ar phríomhghnéithe den phróiseas chun Ard-Stiúrthóir nua a cheapadh in Eanáir 2022. Tá triúr ball ar an gCoiste, Peter J. Clinch (Cathaoirleach), Grainne McAleese agus Aidan Donnelly. Réachtáil an Coiste dhá chruinniú in 2020.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí le haghaidh 2020 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

	An Bord	Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	Coiste Ceada Deontas	Coiste Comhairleach Ainmniúchán an Bhoird	An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair	An Coiste Earcaíochta	Táillí 2020 €	Speansais 2020 €
Líon na gCruinnithe	7	8	3	0	1	2		
An tOllamh J. Peter Clinch (ceaptha ar an 01/08/19)	7				1	2	0	0
An tOllamh Mark Ferguson	7		3				0	0
An tOllamh Sir Tom Blundell	7		3				€11,970	0
An tUasal Aidan Donnelly	7	8			1	2	€11,970	0
Máire Geoghegan-Quinn, Uasal	5						€11,970	0
Mary Doyle, Uasal	4						€6,982	0
An tUasal Brendan Harte	7	8			1		€12,453	0
An tOllamh Ann Leen (ceaptha ar an 10/9/20)	3						0	0
An tOllamh Liam Madden	7		3				0	(€3,483)
Gráinne McAleese, Uasal	7	8				2	€11,970	0
An tUasal Cliona Murphy (ceaptha ar an 10/9/20)	3	1					0	0
Táillí Boird a íocadh le COBÁC*							€20,520	0
Iomlán							€87,835	(€3,483)

Íoctar táillí le baill an bhoird mar a chinneann an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá comhaltaí Boird áirithe eisiata ó tháillí a fháil ó FEÉ faoi na socruithe luach saothair “Aon Duine Amháin Aon Tuarastal Amháin” i gcás nach féidir le seirbhísigh phoiblí táillí Boird a fháil sa bhreis ar thuarastal. Is iad sin an tOllamh J. Peter Clinch agus an tOllamh Mark Ferguson.

**Maidir leis an Ollamh J. Peter Clinch, tríd an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta (an DBEI), thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cead d’Fhondúireacht Eolaíochta Éireann costais An Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (mar fhostóir) a fhritháireamh maidir leis an Ollamh J. Peter Clinch a scaoileadh chun fónamh ar Bhord FEÉ suas leis an táille ábhartha do phost an Chathaoirigh.*

Ina theannta sin, tharscaoil triúr ball den Bhord, an tOllamh Liam Madden, an tOllamh Ann Leen agus an tUasal Cliona Murphy a dtáillí Boird.

Príomhathruithe ar an bPearsanra:

Is iad seo a leanas a ceapadh ar an mBord agus na daoine a d’éirigh as in 2020:

- ▶ Chuaigh an tUasal Mary Doyle agus an tUasal Dermot Mulligan ar scor ar an 25 Iúil 2020.
- ▶ Ceapadh an tOllamh Ann Leen agus an tUasal Cliona Murphy ar an 10 Meán Fómhair 2020.

Nochtadh arna Cheangal leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

Réimse			Líon na bhFostaithe
Ó	Go	2020	2019
€60,000	€69,999	12	14
€70,000	€79,999	9	5
€80,000	€89,999	1	3
€90,000	€99,999	3	6
€100,000	€109,999	9	5
€110,000	€119,999	1	-
€120,000	€129,999	1	1
€130,000	€139,999	-	1
€140,000	€149,999	1	-
€150,000	€159,999	-	2
€160,000	€169,999	2	-
€170,000	€179,999	-	-
€180,000	€189,999	-	-
€190,000	€199,999	1	1

Nóta: Chun críocha an nochtá sin, áirítear ar shochair gearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhís a sholáthraítear le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra air.

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí agus ní áirítear orthu feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’.

	2020 €	2019 €
Táillí comhairleachta i leith aistriú chuig áitreabh nua	€47,064	€553,296
Comhairle dhlíthiúil	€283,364	€92,575
Comhairle Caidreamh Poiblí	€126,234	€124,353
Comhairle um Ionracas Taighde	€37,112	€29,227
Comhairle faoi Acmhainní Daonna agus Pinsin	€81,480	€26,508
Comhairle maidir le cáin agus airgead	€60,270	-
Comhairle maidir le soláthar	€19,099	
Comhairle faoi chomhlíontacht i gcás Státchabhrach	€100,620	-
Eile	€59,839	€68,421
Costais sainchomhairleoireachta iomlána	€815,082	€894,380
Costais Sainchomhairleoireachta Caipitlithe	€47,064	€553,296
Costais Sainchomhairleoireachta gearrtha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta	€768,018	€341,084
Iomlán	€815,082	€894,380

Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí

Tá caiteachas a thabhaíodh i ndáil le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a fuair FEÉ nochta sna Costais Sainchomhairleoireachta thuas.

Níor tabhaíodh aon chostas dlí, socraíochtaí nó costais eadrána agus idir-réitigh sa bhliain a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar seo a leanas:

	2020 €	2019 €
Intíre		
- Bord*	€1,942	€17,718
-Fostaithe	€11,839	€88,531
Idirnáisiúnta		
- Bord*	(€3,483)	€29,270
-Fostaithe	€73,554	€122,443
Iomlán	€83,852	€257,962

* áirítear leis €Nialas i leith taisteal agus cothú a íocadh go díreach le baill an Bhoird in 2020 (2019: €2,690). Baineann iarmhéid (€1,541) (2019: €44,298) le glan-aisíocaíochtaí a fuair FEÉ thar ceann chomhaltaí an Bhoird.

Caiteachas ar Fháilteachas

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2020 €	2019 €
Fáilteachas foirne	€3,788	€4,357
Fáilteachas cliant	-	-
Iomlán	€3,788	€4,357


Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon FEÉ an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2020.

Bainistíocht Riosca

Ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann Straitéis agus Beartas Riosca FEÉ, ina leagtar amach an córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina leagtar amach ról agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla a bhaineann le bainistíocht riosca. Rinneadh é seo a nuashonrú in 2020. Is é beartas na Fondúireachta cloí leis an dea-chleachtas um bainistíocht riosca. Sa Bheartas agus sa Straitéis leagtar amach an próiseas trína ndéanann an Fhondúireacht na príomhrioscaí a bhaineann lena gníomhaíochtaí a shainiú agus conas dul i ngleic leo. Cuireann an Coiste Bainistíochta Rioscaí na rioscaí i dtoll a chéile le hionchur agus tacaíocht ón gCoiste Feidhmiúcháin agus déantar tuarascáil ina leith ag eatraimh rialta do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca FEÉ agus don Bhord, lena n-áirítear bearta, rialuithe agus nuashonruithe gaolmhara um maolú. Rinne an Bord measúnú ar príomhrioscaí FEÉ, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí sin nuair ba chúig agus bearta nó straitéisí gaolmhara.

Struchtúr Eagraíochtúil 2021



Foireann Feidhmíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann



▶ Thosaigh an tOllamh Mark W.J. Ferguson

Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíoch do Rialtas na hÉireann

Féach an phróifíl iomlán ar leathanach 43.



▶ An Dr Ciarán Seoighe

Leas-Ardstiúrthóir

Chuaigh an Dr Ciarán Seoighe le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Leas-Ardstiúrthóir in Eanáir 2018. Ina ról, tá Ciarán freagrach as Straitéis Eagraíochtúil, Cumarsáid Chorpáraideach agus foireann idirnáisiúnta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Lena chois sin, déanann sé ionadaíocht ar son an Ard-Stiúrthóra, de réir mar is gá. Chuaigh Ciarán le Fondúireacht Eolaíochta Éireann i ndiaidh beagnach fiche bliain i gcomhairleacht bainistíochta le Accenture. Tá BA (Mod) aige san Eolaíocht Nádúrtha agus PhD san Fhisic Chandamach ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC. I rith a chuid ama le Accenture, in Éirinn agus san Afraic Theas araon, d'oibrigh Ciarán le cuid de na heagraíochtaí is mó agus is rathúla ar domhan. Tá cuimse taithí aige ar fud earnálacha éagsúla a chomhlíonann tionscnaimh mhórsála um athrú ó bhonn, ath-innealtóireacht gnó, tionscnaimh straitéiseacha agus athraithe.



▶ An tUasal Donal Keane

Príomhoifigeach Oibríochtaí

Ceapadh an tUasal Donal Keane mar an Príomhoifigeach Oibríochtaí i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann ar an 1 Samhain 2005. Tá sé freagrach as Rialú Airgeadais, Bainistíocht Airgeadais Deontas, Córais Faisnéise, Líonraí TF, Cosaint Sonraí/RGCS, Beartas Taighde agus idirchaidreamh leis an gComhordaitheoir Iniúchta Inmheánaigh maidir le hiniúchtaí inmheánacha agus iniúchtaí seachtracha deontas.

Chuaigh Donal le Fondúireacht Eolaíochta Éireann ó IADT Dhún Laoghaire, mar a raibh post aige mar Rúnaí/ Rialaitheoir Airgeadas ó 1997 go 2005. Roimhe sin bhí poist bhainistíochta sinsearaí ag Donal in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, GE Capital agus Wang Finance i mBaile Átha Cliath agus in Toronto, Ceanada. Bhí Donal ina chomhalta chomh maith ar Choistí Iniúchóireachta Fhondúireacht Eolaíochta na hEorpa (Strasbourg) agus BBSRC (cuid de UKRI anois) le blianta beaga anuas. Tá céim Bhaitisiléara sa Tráchtála ag Donal ó COBÁC agus is Comhalta é ar Institiúid Chairte na gCuntasóirí in Éirinn.



▶ **An Dr Abigail Ruth Freeman**

Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí

Is Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí in FEÉ í An Dr Abigail Ruth Freeman. Roimhe seo, bhí roinnt ról ag Ruth in FEÉ, lena n-áirítear Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide, Stiúrthóir Nuálaíochta, Cumarsáide agus Oideachais, agus Stiúrthóir Clár, Fiontraíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta. Bhí sí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar gach clár maointhe taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus as bainistíocht dámhachtainí maointhe, chomh maith le gníomhaíochtaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhar le comhpháirtithe an tionscail agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Chuaigh Ruth le Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar Bhainisteoir Clár Eolaíochta i Samhain 2006. Sula ndeachaigh sí leis an bhFondúireacht, d'oibrigh Ruth mar thaighdeoir ag Ollscoil na Tríonóide, BÁC. Tá PhD agus céim Bhaitsiléara aici sa Ghéinitic ó Ollscoil na Tríonóide, BÁC, áit inar bronnadh scoláireacht na Tríonóide uirthi, Duais Eli Lilly don Cheimic agus duais Roberts don Bhitheolaíocht. Maoiníodh taighde PhD Ruth, ar ghéinitic daonra i gcriosanna hibrideacha, ó scoláireacht ghradamach ón Wellcome Trust agus rinneadh é i gColáiste na Tríonóide agus ILRI, Nairobi.



▶ **An Dr Siobhan Roche**

Stiúrthóir na hEolaíochta don tSochaí

Ceapadh an Dr Siobhan Roche mar Stiúrthóir FEÉ na hEolaíochta don Gheilleagar in 2018. Tá sí freagrach as straitéisí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le cláir um maoiniú iomaíoch a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag obair go dlúth le comhpháirtithe an tionscail, lena n-áirítear cuideachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha móra agus beaga, taighdeoirí acadúla agus páirtithe leasmhara seachtracha eile, maidir le comhoibriú agus cómhaoiniú clár. D'oibrigh Siobhán laistigh d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar feadh roinnt blianta, go déanaí mar Cheann Iar-dhámhachtainí agus Ionaid Taighde FEÉ, i ndiaidh a ról mar Cheann na gComhpháirtíochtaí agus Bainisteoir Clár Eolaíoch. Tá taithí ag Siobhán mar eolaí taighde ón earnáil phríobháideach, mar ar oibrigh sí le Exelixis Inc. atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus le hiarchuideachta nuathionscanta Éireannach maidir le géanóm an duine Hiberger Inc., agus sa saol acadúil mar a raibh sí ina Comhalta Taighde agus ina Ceannaire Grúpa i gColáiste na Tríonóide, agus in Ospidéal Phádraig. Bhí Siobhán ina húdar ar fhoilseacháin i mór-irisleabhair phiarmheasúnaithe agus tá roinnt paitinní idirnáisiúnta aici. Tá B.A. aici Tá Mod aici sa Ghéinitic ó Choláiste na Tríonóide, BÁC agus PhD i mBitheolaíocht Mhóilíneach agus i gCillbhitheolaíocht ó Ollscoil California in Berkeley (SAM).

Fógraí Reachtúla agus Fógraí Eile

1. Comhaltaí Boird – Clárú Leasanna

Oibríonn an Bord de réir na bpríomhphrionsabal um dhea-chleachtas rialachais chorparáidigh agus i gcomhréir leis na treoirlínte atá leagtha amach i gCód Cleachtais 2016 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina ghníomhaíochtaí agus ina úsáid as coistí araon. I gcomhréir leis na treoirlínte sin, cláraíonn comhaltaí Boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a gcuid leasanna i dtiomantais eile leis an Rúnaí.

2. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001

Tháinig FEÉ faoi réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 ar an 1 Eanáir 2005. Leanann FEÉ de bheith ag comhlíonadh fhorálacha an Achta.

3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Rinneadh comhlacht forordaithe d’Fhondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 ón 31 Bealtaine 2006 i leith. Cloíonn FEÉ go hiomlán leis an Acht. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoin Acht a sheoladh ar aghaidh chuig Oifigeach Saorála Faisnéise, Plás na dTrí Pháirc, Sráid Hatch Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. In 2020, fuair FEÉ aon iarratas déag um Shaoráil Faisnéise.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

4. (i) An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tagann Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi choimirce an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002. Is é beartas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sonracha i bhfeidhm lenar féidir le FEÉ gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear na sonraisc ar bhonn laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha de réir mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le forálacha an Achta ar gach slí ábhartha.

4. (ii) Íocaíocht phras le soláthraithe

Tá FEÉ tiomanta dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialí Íocaíochta Pras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2011. Leis an bhforáil sin cinntítear go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe maidir le gach sonrasc bailí laistigh de 15 lá féilire. Tuairiscíonn FEÉ go ráithiúil sa chuid ‘Eolas Fúinn - Rialachas - Seirbhís do Chustaiméirí’ ar an suíomh Gréasáin ar chur i bhfeidhm na Rialach um Íocaíochtaí Pras 15 lá. <http://www.sfi.ie/about-us/governance/customer-service/>

1. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015

